
# LEABHAR BHUAITEOIRÍ DHUAIS SAKHAROV



# LEABHAR BHUAITEOIRÍ DHUAIS SAKHAROV 2015

**Na léaráidí uile ó Ali Ferzat, buaitear Dhuais Sakharov 2011**

Tá breis eolais faoin Aontas Eorpach le fáil ar an idirlíon (http://europa.eu).
Lucsamburg: Oifig Foilseachán an Aontais Eorpaigh, 2015
ISBN 978-92-823-7288-3
doi:10.2861/994510
© An tAontas Eorpach, 2015
Is ceadmhach aon chuid den fhoilseachán seo a atáirgeadh, ach an fhoinse a admháil.

## BROLLACH

Martin Schulz
*Uachtarán Pharlaimint na hEorpa*

In 2015, tharla eachtra a bhí ina triail dhian ar an tsaoirse smaointeoireachta. Uafás a bhí i dtús na bliana nuair a rinneadh ionsaí fuilteach ar oifigí na hirise *Charlie Hebdo*. I gcroílár na hEorpa, chuathas i muinín na bpiléar chun go gcuirfí ina dtost díograis na bpeann luaidhe, easurraim a measadh a bhí ag gabháil le scigphictiúir, cumhacht na saoirse smaointeoireachta agus na saoirse cainte.

Is mór an onóir mar sin do Pharlaimint na hEorpa gur thoiligh Ali Frezat, buaiteoir Dhuais Sakharov 2011, na léaráidí a chur le leathanaigh an leabhair seo. I mbliana, tá ionad ar leith tugtha ag Parlaimint na hEorpa do chosaint agus do chur chun cinn obair na gcartúnaithe sna nuachtáin, nach bhféadfaí neamhaird a dhéanamh orthu agus iad ag cáineadh sáruithe chearta an duine, go háirithe sa tSiria. Cuirimid fáilte ar leith chuig Parlaimint na hEorpa roimh na cartúnaithe ó *Cartooning for Peace* in éineacht leis an gcartúnaí nuachtáin ón bhFrainc, Plantu, le haghaidh ceiliúradh Dhuais Sakharov 2015.

Agus sinn ag fáiltiú roimh Ali Ferzat sna leathnaigh seo, is deacair gan trácht a dhéanamh ar dhuine eile óna thír féin, Razan Zaitouneh, buaiteoir Dhuais Sakharov 2011, nach bhfuil aon scéala faighte fós againn faoina bhfuil tarlaithe di. Tá an cúigiú bliain anois de dhearg-chogadh sa tSiria. Na daoine arbh éigean dóibh fanacht sa tír sin, tá siad ag maireachtáil faoi sceimhle agus iad gearrtha amach ón domhan; tá na teifigh ag tabhairt faoi aistear contúirteach. Meabhraímid do chách anseo go dtacaímid leis na cosantóirí díograiseacha ar chearta an duine atá sa tír sin atá scriosta ag an ngráin agus ag an diamhróireachas.

In 2014, bronnadh Duais Sakharov ar an dochtúir Denis Mukwege. Tugadh an fear iontach seo a bhí gníomhach go neamhchoinníollach ar mhaithe le dínit na mban óráid i bParlaimint na hEorpa a thug deora lena súile do na daoine a bhí sa tionól ach freisin a mhúscail bród thar na bearta sna daoine óna thír féin. Taobh amuigh de bhronnadh na duaise féin, tá tacaíocht fhadtéarmach tugtha ag Parlaimint na hEorpa don dochtúir Mukwege trí rochtain a thabhairt dó ar líonra Dhuais Sakharov a bhíonn ag gníomhú le agus ar mhaithe leis na duaisbhuaiteoirí chun go bhféadfaidh seisean a chuidsean bearta a chur i gcrích ar bhealach níos fearr.

Ina cuid gníomhaíochtaí agus ina rannpháirtíocht nithiúil le líonra Dhuais Sakharov atá cruthaithe aici, cosnaíonn Parlaimint na hEorpa go láidir an tsaoirse smaointeoireachta ar fud an domhain. I mbliana, chinn ionadaithe na Parlaiminte an duais a bhronnadh ar bhlagálaí agus scríbhneoir as an Araib Shádach, Raif Badawi, a bhfuil pianbhreith de 10 mbliana príosúnachta agus 1 000 lasc fuipe gearrtha air ag na cúirteanna ina thír féin. Leis sin, athdhearbhaíonn an Pharlaimint go láidir nach rud é an tsaoirse cainte is féidir a shárú agus gur cheart go léireofaí urraim ar fud an domhain don tsaoirse sin.

DUAIS SAKHAROV Bronnadh Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta, arb ionann í agus an comhartha ómóis is mó a thugann an tAontas Eorpach do dhícheall chearta an duine, den chéad uair i 1988 ar Nelson Mandela agus Anatoli Marchenko. Aithnítear daoine, grúpaí agus eagraíochtaí ann atá tar éis sárchion a dhéanamh don tsaoirse smaointeoireachta. Is tríthi agus trína líonra comhlachaithe a thacaíonn AE le buaiteoirí, a neartaítear agus a chumasaítear agus iad ag troid ar son a gcúiseanna.

Is ar easaontaigh, ceannairí polaitiúla, iriseoirí, dlíodóirí, gníomhaithe na sochaí sibhialta, scríbhneoirí, máithreacha, mná céile, ceannairí mionlaigh, grúpa frithsceimhlitheoireachta, gníomhaithe síochána, gníomhaí frithchéasta, cartúnaí, príosúnach coinsiasa fad-phianbhreithe, scannánóir, leanbh a throid ar son an chirt chun oideachais agus fiú NA mar chomhlacht a bronnadh an duais go dtí seo. Cúitítear inti saoirse cainte, cearta mionlach a chosaint, urraim don dlí idirnáisiúnta, forbairt an daonlathais agus an riail dlí a chur chun feidhme.

Bronnann Parlaimint na hEorpa Duais Sakharov le dearlaic EUR 50 000 i suí iomlánach foirmiúil in Strasbourg i dtreo dheireadh gach bliana. Féadfaidh grúpaí polaitiúla den Pharlaimint agus feisirí aonair iarrthóirí a ainmniú, ach tacaíocht 40 feisire ar a laghad do gach iarrthóir a bheith acu. Cuirtear na hainmnithigh i láthair ag suí comhpháirteach de na Coistí um Ghnóthaí Eachtracha agus um Fhorbairt agus den Fhochoiste um Chearta an Duine agus vótálann comhaltaí na lánchoistí ar ghearrliosta de thriúr. Roghnaíonn Comhdháil na nUachtarán, comhlacht de PE a threoraíonn an tUachtarán ina gcuimsítear ceannairí na ngrúpaí polaitiúla éagsúla uile a bhfuil ionadaíocht acu sa Pharlaimint, a fhágann gur rogha Eorpach amach is amach atá i rogha na mbuaiteoirí.



Ghlac ANDREI SAKHAROV (1921-1989), fisiceoir cáiliúil APPS, gníomhaí chearta an duine, easaontach agus tacadóir athchóirithe, leis an moladh go ndéanfaí duais do shaoirse na smaointeoireachta a ainmniú as mar "ghníomh tábhachtach a léirigh tuiscint don obair a rinne mé i gcosaint chearta an duine", mar a scríobh sé i litir chuig Parlaimint na hEorpa ([1]). Mheas sé gur "úsáideach" bronnadh na nduaiseanna sin mar "go dtarraingeodh sé aird ar fhadhb chearta an duine agus go spreagfadh sé daoine a raibh cion déanta acu chuige seo". Dhearbhaigh Parlaimint na hEorpa go raibh sí chun an Duais seo a chruthú le rún a glacadh i Nollaig 1985.

Ceannródaí san fhisic núicléach agus cruthaitheoir an bhuama hidrigine Shóivéadaigh ab ea Andrei Sakharov, agus nuair a bhí sé 32 bhliain d'aois rinneadh lánchomhalta d'Acadamh Sóivéadach na nEolaíochtaí de agus tugadh pribhléidí *nomenklatura*, scothaicme an Aontais Shóivéadaigh, dó.

Faoi dheireadh na 1950í, áfach, d'éirigh sé níos imníche de réir a chéile faoi iarmhairtí na tástála núicléiche ar an atmaisféar agus faoi impleachtaí polaitiúla agus morálta a chuid oibre, a d'fhéadfadh a bheith mar údar báis ag líon ollmhór daoine.

Cuireadh cor ina fhorás polaitiúil i 1967 nuair a spreag sé údaráis na Sóivéide glacadh le togra SAM go ndiúltófaí go déthaobhach d'fhorbairt chosaint na ndiúracán frithbhalaistíoch, ar chuir sé síos air mar mhórbhagairt go dtarlódh cogadh domhanda núicléach ina aiste ó 1968 *Machnamh ar Dhul Chun Cinn, ar Chómhaireachtáil Shíochánta agus ar Shaoirse Intleachtúil*. Dhiúltaigh na hÚdaráis Shóivéideacha dá spreagadh agus tar éis a aiste a fhoilsiú, choisc siad gach obair mhíleata ardrúnda ar Andrei Sakharov agus baineadh a chuid pribhléidí de.

I 1970, ba dhuine de chomhbhunaitheoirí an Choiste um Chearta an Duine in APPS é, agus ba chosaint chearta an duine agus íospartaigh na dtrialacha polaitiúla a phríomhábhar imní. I 1972 phós sé gníomhaí eile de chearta an duine, Elena Bonner. D'ainneoin breis brú ón rialtas, ní hamháin gur iarr Sakharov go scaoilfí saor easaontaigh ina thír ach ba dhuine de lucht cáinte is misniúla an réimis é, agus é ina phearsantú ar an gcomhrac i gcoinne shéanadh na gceart bunúsach. I bhfocail Choiste Nobel a bhronn an Duais Síochána air i 1975, "labhair sé thar ceann choinsias an chine dhaonna". Níor ceadaíodh dó an tír a fhágáil chun a Dhuais Nobel a ghlacadh, ach ní fhéadfadh cur faoi chois ná díbirt a sheasamh a bhriseadh.

Díbríodh Andrei Sakharov go Gorky, cathair iata, i 1980 tar éis dó a agóid go poiblí i gcoinne idirghabháil mhíleata na Sóivéide san Afganastáin i 1979. Agus é ar deoraíocht, chuir póilíní Sóivéadacha dianfhaireachas air agus chuaigh sé ar stailc ocrais faoi dhó chun cead a éileamh dá bhean chéile dul chun na Stát Aontaithe chun obráid chroí a fháil. Ar deireadh i nDeireadh Fómhair 1985 tugadh cead d'Elena Bonner, ar díbríodh go Gorky freisin í i 1984, dul chun SAM chun cóir leighis a fháil. Thacaigh Parlaimint na hEorpa le Muintir Sakharov agus fiú pléadh go bhfágfaí suíochán folamh ina sheomra d'Andrei Sakharov. Ina ionad sin glacadh le moladh eile: go mbunófaí duais a d'ainmneofaí as Andrei Sakharov. Roghnaíodh Sakharov mar gur "shaoránach Eorpach é a phearsantaigh saoirse smaointeoireachta agus cainte agus a chinn, mar gheall ar a phrionsabail agus ar a choinsias, droim láimhe a thabhairt do na buntáistí maoine agus do na honóracha go léir a raibh fáil aige orthu", mar a dúirt Jean-Francois Deniau, rapóirtéir ar an tionscnamh, le Suí Iomlánach PE.


Cruthaíodh an duais le rún ó Pharlaimint na hEorpa a formheasadh i Nollaig 1985. Bliain ina dhiaidh sin, cheadaigh Mikhail Gorbachev, a chuir tús le perestroika agus glasnost san Aontas Sóivéadach, d'Andrei Sakharov agus d'Elena Bonner filleadh ar Mhoscó. D'éag sé ann i 1989.

In 2013, shlánaigh an duais ar a bhfuil a ainm 25 bliana tacaíochta le cearta an duine trasteorann, fiú teorainneacha na réimeas ansmachta, chun gníomhaithe chearta an duine agus easaontaigh ar fud an domhain a chúiteamh. Is daor a chuaigh a dtiomantas i leith chosaint dhínit an duine ar chosantóirí chearta an duine a aithníodh leis an duais: is iomaí duine ar ar bagraíodh géarleanúint, bás, díth saoirse, batrálacha nó deoraíocht. I roinnt cásanna ní raibh na buaiteoirí saor chun a nduais a ghlacadh i bpearsa.

Duine de na buaiteoirí sin is ea buaiteoir 2012, Nasrin Sotoudeh, a scríobh litreacha chun Andrei Sakharov nach maireann, ó phríosún Evin san Iaráin, áit a raibh sí á coinneáil ag an am, ina scagtar go fealsúnach ciall an easaontais agus ina gcuirtear a cúis i gcomparáid lena chúis.

"B'iontach mar a d'athnuais go laethúil an bheatha agus do sheasamh. Bhainis bua mór amach ar son na dtrodaithe saoirse go léir ar fud an domhain. Go bhfíoraí an ghlúin atá le teacht do chuid aislingí nár fíoraíodh fós".

([1]) Tá litreacha Andrei Sakharov, a luaitear san fhoilseachán seo, á gcoimeád i gCartlann Stairiúil Pharlaimint na hEorpa.



LÍONRA DHUAIS SAKHAROV Is iad buaiteoirí Dhuais Sakharov agus na Feisirí de Pharlaimint na hEorpa atá i Líonra Dhuais Sakharov (LDS). Seoladh é ag Parlaimint na hEorpa in 2008, nuair a ceiliúradh cothrom 20 bliain Dhuais Sakharov. Le cruthú na duaise, aithníodh ról speisialta bhuaiteoirí Dhuais Sakharov mar Ambasadóirí na Saoirse Smaointeoireachta agus d'aontaigh a chuid comhaltaí "comhiarrachtaí a fheabhsú chun tacú le cosantóirí chearta an duine ar fud an domhain trí chomhghníomhaíochtaí bhuaiteoirí Dhuais Sakharov i gcomhar le chéile agus faoi choimirce Pharlaimint na hEorpa". Nascann LDS feisirí, buaiteoirí, agus an tsochaí shibhialta i gcoitinne chun comhar maidir le gníomhaíocht chearta an duine a mhéadú sa Bhruiséil agus go hidirnáisiúnta. Fónann LDS mar chainéal cumarsáide a chumasaíonn do na buaiteoirí agus don Pharlaimint díriú ar sháruithe agus ar shaincheisteanna chearta an duine.

Ar chothrom 25 bliana na duaise in 2013, ghlac an líonra dearbhú inar gheall comhaltaí an líonra go dtacóidís, i gcomhpháirt agus ar leithligh, le cearta an duine ar fud an domhain a chur chun cinn agus a chosaint trí ghníomhaíochtaí éagsúla. Folaítear iontu feachtas idirnáisiúnta leanúnach chun deireadh a chur le foréigean i gcoinne leanaí agus oideachas leanaí a chur chun cinn, agus feachtas saoirse cainte a seoladh i gcomhar le Parlaimint na hEorpa i mBealtaine 2015.

Tugann comhaltaí LDS léachtaí Sakharov go rialta ar fud AE chun feasacht ar shaincheisteanna chearta an duine a ardú agus díospóireacht phoiblí i bpríomhchathracha na hEorpa a spreagadh. Ó 2013, tá comhaltaí an líonra tar éis léachtaí Sakharov a thionól san Ostair, sa Fhrainc, in Éirinn, san Iodáil, i Málta, sa Pholainn, sa tSlóvaic, sa Liotuáin agus sa Bheilg. Thug Cumann Iriseoirí na Bealarúise, *Damas de Blanco*, Salima Ghezali, Hauwa Ibrahim, Memorial, Aliaksandr Milinkevich, Denis Mukwege agus Ahmed El Senussi na léachtaí.

Tá an líonra tar éis teacht le chéile do chomhdhálacha in 2008, 2011 agus 2013, agus nach mór gach buaiteoir beo ábalta taisteal agus a bheith rannpháirteach iontu. Is fóram díospóireachta comhdhálacha Líonra Dhuais Sakharov i measc feisirí, buaiteoirí, ionadaithe an Aontais Eorpaigh, institiúidí idirnáisiúnta eile agus na sochaí sibhialta, agus fónann mar bhonn do ghníomhaíocht fheabhsaithe líonra i leith chearta an duine.

Is féidir breis faisnéise a fháil faoi ghníomhaíochtaí is déanaí an líonra ar láithreán gréasáin LDS ag **europarl.europa.eu/intcoop/sakharov/home_en.html**

2015 Raif Badawi
2014 Denis Mukwege
2013 Malala Yousafzai
2012 Nasrin Sotoudeh agus Jafar Panahi
2011 Earrach na nArabach (Mohamed Bouazizi, Ali Ferzat, Asmaa Mahfouz, Ahmed El Senussi agus Razan Zaitouneh)
2010 Guillermo Fariñas
2009 Memorial (Oleg Orlov, Sergei Kovalev agus Lyudmila Akexeyeva thar ceann Memorial agus cosantóirí uile eile chearta an duine sa Rúis)
2008 Hu Jia
2007 Salih Mahmoud Mohamed Osman
2006 Aliaksandr Milinkevich
2005 Na Mná Bánghléasta, Hauwa Ibrahim, Tuairisceoirí Gan Teorainneacha
2004 Comhlachas Iriseoirí na Bealarúise
2003 Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe, Kofi Annan, agus foireann uile na Náisiún Aontaithe
2002 Oswaldo José Payá Sardiñas
2001 Izzat Ghazzawi, Nurit Peled-Elhanan, Dom Zacarias Kamwenho
2000 *¡Basta Ya!*
1999 Xanana Gusmão
1998 Ibrahim Rugova
1997 Salima Ghezali
1996 Wei Jingsheng
1995 Leyla Zana
1994 Taslima Nasreen
1993 *Oslobodjenje*
1992 *Las Madres de Plaza de Mayo*
1991 Adem Demaçi
1990 Aung San Suu Kyi
1989 Alexander Dubček
1988 Nelson Rolihlahla Mandela, Anatoli Marchenko (i ndiaidh a bháis)

Blagálaí agus tathantóir óg saoirse smaointeoireachta agus cainte é RAIF BADAWI as an Araib Shádach a cuireadh i bpríosún agus a sciúrsáladh.

Is é a bhunaigh agus a bhí i gceann *Saudi Liberals*, agus ina dhiaidh sin *Free Saudi Liberal Network*, ar fóraim ar líne iad chun plé a dhéanamh ar an reiligiún agus ar an bpolaitíocht i dtír chaomhach, agus bhí míle úsáideoir cláraithe do na fóraim sin nuair a cuireadh Raif faoi choinneáil ar feadh lae in 2008 tráth a ndearnadh é a cheistiú agus drochamhras i dtaobh séanadh creidimh curtha ina leith — coir atá inphionóis le pionós an bháis san Araib Shádach. Ag leanúint as sin, cuireadh toirmeasc buan air an Araib Shádach a fhágáil, rinneadh a chuid cuntas bainc a reo agus rinne muintir a mhná iarracht colscaradh a bhrú anuas air. Chuir iomám dochtchreidmheach *fatwa* air.

Lean Badawi air go cróga ag craobhscaoileadh a chuid tuairimí a bhí measartha liobrálach. I measc nithe eile, scríobh sé píosaí inar chosain sé an ceart chun saoirse smaointeoireachta agus cainte agus d'iarr sé go mbeadh sochaí oscailte ann ina mbeadh glacadh ag daoine le tuairimí daoine eile. Níl le déanamh ag saorsmaointeoirí i sochaí Arabach atá ag fulaingt faoi chuing an dialathais, a scríobh Badawi, ach tuairim a nochtach agus is leor sin chun fatwa a fháil sa cheann orthu. Rud é sin, ab eagal leis, a thabharfadh ar na daoine is éirimiúla teitheadh as an tír.

Agus é mar ghuth an liobrálachais san Araib Shádach, bhí ag éirí le Badawi lena chuid scríbhneoireachta, idir scríbhneoireacht ar líne agus scríbhneoireacht sna meáin thraidisiúnta, an eagnaíocht a chraobhscaoileadh i measc a phobail agus an bua a fháil ar an aineolas. Chreim a chuid scríbhinní seachantacht na cléire agus rinne urraim don tsaoirse smaointeoireachta agus do chearta na mban agus do na cearta atá ag mionlaigh agus ag daoine bochta a chur chun cinn san Araib Shádach. In 2015, bhí sé fós ag scríobh ón bpríosún agus is ann a scríobhadh an brollach a cuireadh le leabhar dá chuid scríbhinní a tarrtháladh in ainneoin gur dúnadh go buan a chuid láithreán gréasáin.

Gabhadh Badawi in 2012 agus rinneadh é a dhíotáil i roinnt cúiseamh, lena n-áirítear séanadh creidimh, cé nach bhfuil rialú déanta ag cúirt ar bith ar chúiseamh sin an tséanta creidimh. Ciontaíodh é as fóram a bhunú ina raibh tráchtaireacht dhiamhaslach agus postálacha diamhaslacha ar líne; gearradh téarma príosúnachta 7 mbliana air agus 600 lasc fuipe in 2013, agus rinneadh athdhaoradh air in 2014 mar ar athraíodh an phianbhreith go dtí 1 000 lasc fuipe agus 10 mbliana príosúnachta móide fíneáil de mhilliún riyal (EUR 226 000). Os comhair mhosc Jeddah in Eanáir 2015, tugadh 50 lasc fuipe dó i láthair slua a bhí ag gárthach agus bhí sé beartaithe go mbeadh an lascadh seo ar an gcéad cheann den 1 000 lasc fuipe a bhí le déanamh in imeacht fiche seachtaine. Nuair a scrúdaigh dochtúirí é i ndiaidh an chéad bhabhta de mhearlascadh seo, chinn siad go raibh a chuid créachtaí chomh domhain sin nach mairfeadh sé sciúrsáil eile. Tá cáineadh idirnáisiúnta ina thaobh seo agus imní faoina shláinte tar éis breis lascthaí a bhac, ach sheas an Chúirt Uachtarach i Meitheamh 2015 leis an bpianbhreith a bhí forchurtha air. Tá toirmeasc air úsáid a bhaint as aon bhealach craobhscaoilte de na meáin chumarsáide agus taisteal thar lear ar feadh 10 mbliana ón tráth a scaoilfear saor as an bpríosún é.

Tá cónaí ar bhean chéile Badawi, Ensaf Haidar, agus a dtriúr clainne i gCeanada tar éis dóibh teitheadh as an Araib Shádach in 2013 de bhrí go ndearna dream anaithnid bagairtí báis orthu.

Sa phríosún dó, tá tuiscint faighte ag Raif Badawi ar an daonnacht atá ag gabháil leis na daoine a bhfuil sé sa charcair ina dteannta.




**2015**
RAIF
BADAWI

**2014**
DENIS
MUKWEGE

Is dochtúir ón gCongó é DENIS MUKWEGE a bhfuil a shaol caite aige chun corp agus saol na mílte bean agus cailín ón gCongó, is íospartaigh d'éigniú droinge agus d'fhoréigean gnéasach brúidiúil i gcogadh leanúnach Phoblacht Dhaonlathach an Chongó, a atógáil.

Rugadh in Bukavu i 1955 é, rinne sé staidéar ar mhíochaine agus bhunaigh an tseirbhís gínéiceolaíochta in ospidéal Lemera in oirthear PD an Chongó, a scriosadh nuair a bhris cogadh amach i 1996. Theith Mukwege go Bukavu, áit ar bhunaigh sé ospidéal i bpubaill agus inar thóg sé barda máithreachais agus obrádlann, ach scriosadh iad sin go léir i 1998 i ndara cogadh an Chongó.


Níor choisc sin Mukwege ar ospidéal a atógáil in Panzi inar chaith sé uaireanta fada ag obair agus ag cur oiliúna ar an bhfoireann chun cóir leighis a chur ar mhná ar ar imir na comhraiceoirí ansmacht a "dhearbhaigh gurbh í a namhaid coiteann mná". Tá cóir leighis curtha aige ar níos mó ná 40 000 bean ó athosclaíodh an t-ospidéal i 1999 agus ghlac sé leis an gcéad íospartach éignithe a raibh créachtaí piléar ina baill ghiniúna agus ina leasracha aici. Laistigh de mhí, chuaigh na scórtha ban go dtí an t-ospidéal agus scéalta éignithe agus céasta acu.

Tá clú idirnáisiúnta ar Mukwege mar shaineolaí ar dheisiú damáiste paiteolaíoch agus síceasóisialta arb é an foréigean gnéasach is cúis leis. Tugann an t-ospidéal a stiúrann sé in Panzi cúram síceolaíoch agus fisiciúil agus cabhraítear le mná freisin scileanna nua a fhorbairt chun beatha a shaothrú, mar d'eitigh a bpobail mórán díobh. Cuidítear le cailíní filleadh ar scoil agus tá cúnamh dlíthiúil ar fáil dóibh siúd a lorgaíonn sásamh dlí.

B'fheachtasóir tiomanta ar son na mban íospartha ó d'aithin sé gur chailín a rugadh in ospidéal Panzi, ar chabhraigh sé lena breith, bean óg ar a bhord obrádlainne. Mheas Mukwege gur phríomhphointe é seo a ghriog é chun cneasú a shárú agus tosú ar labhairt amach sa bhaile agus thar lear chun deireadh a chur le foréigean a réabann de dheasca acmhainní nádúrtha Chongó. B'íospartach é féin in 2012 nuair a d'ionraigh fir armtha a theach agus nuair a choinnigh siad a iníonacha faoi dhíriú gunna. Maraíodh a gharda cosanta agus a chara, ach d'éalaigh sé agus theith lena mhuintir go dtí an tSualainn agus an Bheilg. D'fhill sé ar PD an Chongó in 2013 nuair a tháinig grúpa ban, a mhaireann ar níos lú ná dollar sa lá, le chéile chun a thicéad abhaile a cheannach dó.

Tá Mukwege anois ina chónaí ag ospidéal Panzi d'ainneoin bagairtí leanúnacha ar a shaol. Oibríonn sé go gníomhach le Parlaimint na hEorpa agus Líonra Duais Sakharov, agus a mharc fágtha aige ar phróiseas reachtúil na mianraí coinbhleachta sa Pharlaimint lena pléadálacha lasánta chun saol na mban agus na leanaí a chosaint i gcriosanna coimhlinte.

Léiríonn scannán faisnéise 2015 *The man who mends women — the wrath of Hippocrates* a shaol agus obair. Fotheidealaíodh an scannán i dteangacha oifigiúla Bhallstáit uile AE le tacaíocht Pharlaimint na hEorpa.



Bhí MALALA YOUSAFZAI 15 bliana d'aois nuair a lámhach an Talaban í san aghaidh i nGleann Swat na Pacastáine in 2012. Theastaigh uathu stop a chur léi agus le cailíní eile oideachas a fháil. Tháinig sí slán óna gortuithe tromaí agus lean uirthi.

In 2013 ba í Malala an buaiteoir ab óige riamh de Dhuais Sakharov, á tiomnú do "laochra anaithnide na Pacastáine" le linn ceart gach linbh ar oideachas a chosaint go tréan.

"Tá go leor leanaí ann nach bhfuil bia le hithe ná uisce le hól acu agus in éagmais an oideachais. Tá sé scanrúil go bhfuil 57 milliún leanbh ann a bhfuil oideachas á cheilt orthu... ní mór dó seo ár gcoinsias a mhúscailt," a dúirt Malala le hionadaithe 28 náisiún i bParlaimint phlódaithe agus i láthair eisceachtúil fhormhór bhuaiteoirí Dhuais Sakharov a maireann, agus iad bailithe le chéile ag Comhdháil 25 Bliana na duaise. "Is féidir le leanbh amháin, múinteoir amháin, peann amháin agus leabhar amháin an domhan a athrú".

Thosaigh comhrac Malala ar son an oideachais agus í 11 bhliain d'aois nuair a scríobh sí dialann anaithnid ar líne mar gheall ar shaol cailín scoile faoi réim an Talaban i nGleann Swat sa Phacastáin. In 2009, d'fhoraithin an Talaban go ndúnfaí scoileanna na gcailíní uile fad a throid arm na Pacastáine leo chun ceannas ceann a fháil. Bhí ar Malala agus a teaghlach a mbaile imshuite agus a scoil scriosta a thréigean. Ar fhilleadh abhaile di tar éis do chúrsaí slándála a fheabhsú, lean Malala agus a hathair Ziauddin a rith scoil cailíní, de thacú le hoideachas cailíní, d'ainneoin bagairtí. D'úsáid Malala deonúchán chun bus scoile a cheannach, an bus céanna inar lámhachadh í féin agus inar gortaíodh beirt chailíní eile in ionsaí a d'éiligh an Talaban.

Tháinig Malala slán agus anois is bean feachtais tiomanta d'oideachas na gcailíní, comhbhunaitheoir de Chiste Malala agus comhalta den Choiste Géarchéim um Oideachas na hÓige í, Coiste a bhunaigh Gordon Brown, Replace with the following: Toscaire Speisialta na Náisiún Aontaithe um Oideachas Domhanda. Measann sé nach sa bhliain 2015 a bheidh oideachas á chur ar fáil do na cailíní go léir, mar atá geallta i spriocanna forbartha na mílaoise, ach gur sa bhliain 2086 é má choinníonn na rátaí atá ann faoi láthair orthu mar atá siad. "San Ioslám ceadaítear do chailíní oideachas a fháil. Is é dualgas agus freagracht gach duine é, idir bhuachaillí agus chailíní, oideachas agus eolas a fháil," a deir Malala.

Roghnaigh NA an 12 Iúil, lá breithe Malala, faoina gCéad Tionscnamh Oideachais Dhomhanda, mar Lá Malala, ardán do leanaí chun seasamh suas dá gceart ar oideachas.

In 2014, comhdhámhadh Duais Nobel na Síochána do Malala Yousafzai "as a streachailt i gcoinne leanaí agus daoine óga a chur faoi chois agus chun ceart gach linbh ar oideachas", mar sin ba í an Sakharov ab óige agus buaiteoir Nobel ab óige araon riamh.





Is dlíodóir chearta an duine ón Iaráin í NASRIN SOTOUDEH a bhí i measc an lín bhig a chosain na heasaontóirí a gabhadh in ollagóidí na bliana 2009 i gcoinne toghchán a chreid siad a bheith calaoiseach, sular gabhadh í in 2010.

Nuair a dámhadh an duais di in 2012, bhí téarma príosúnachta 6 bliana á chur isteach aici ar chúiseanna maidir le slándáil náisiúnta na hIaráine a chur i mbaol agus bhí sí ar stailc ocrais 7 seachtaine i ngaibhniú aonair i bpríosún míchlúiteach Evin san Iaráin, agus í ag agóid faoi bhrú breithiúnach ar a fear céile agus ar a hiníon óg.

Agus í an-lag, bhí sé de láidreacht inti teachtaireacht shuntasach a scríobh chun na Parlaiminte, a rinne a cara, comhghleacaí agus cliant, Shirin Ebadi, ar buaiteoir Nobel í, a léamh thar a ceann ag an searmanas bronnta. “Tá forbairt mhór déanta ar chearta an duine, agus ar na sásraí chun iad a ráthú, ach tá fíorú na gceart sin fós ag brath den chuid is mó ar a bhfuil i gceist ag na rialtais a dhéanamh, arb iadsan is mó a sháraíonn cearta an duine”. Dúirt Sotoudeh le cosantóirí chearta an duine agus le príosúnaigh pholaitiúla “cosúil libhse, tuigim go bhfuil bóthar fada agus crua roimh an daonlathas”.

Scaoileadh saor í gan choinne i Meán Fómhair 2013, ar chúiseanna nár nocht údaráis na hIaráine, ach níor cealaíodh a pianbhreith, agus tá cosc uirthi fós an Iaráin a fhágáil agus mar sin níl sí ábalta Duais Sakharov a fháil. I Nollaig 2013 bhuail Sotoudeh leis an gcéad toscaireacht de Pharlaimint na hEorpa a thug cuairt ar an Iaráin le 6 bliana anuas. Sa chruinniú — inar dhírigh sí ar staid na bpríosúnach polaitiúil, ag cáineadh trialacha ar siúl i gcúirteanna réabhlóideacha, seachas coiriúla, mar neamh-thrédhearcach — ba chúis le clampar i measc dochtairí Iaránacha a chuir ceannairc i leith Sotoudeh agus Jafar Panahi.



**2012**
NASRIN
SOTOUDEH

Ar í a scaoileadh saor ó phríosún, d’fhill Sotoudeh ar a gníomhaíochas, ag cosaint íospartaigh mná a ionsaíodh le haigéad, mionlaigh reiligiúnacha, agus fheachtas chearta an duine, lena n-áirítear go gcuirfí deireadh le pionós an bháis. Choimeád údaráis na hIaráine í go sealadach roinnt uaireanta.

Bhí Sotoudeh ábalta filleadh go gairid ar a gairm dlí, a bhí sí ag dréim le blianta a bheith ábalta a chleachtadh agus a sheol sí chun mionaoisigh a chosaint ar phionós an bháis. I dteannta a pianbhreithe príosúnachta 6 bliana, coisceadh uirthi an dlí a chleachtadh agus taisteal ar feadh 10 mbliana. Chuir sí i gcoinne dhlínse na cúirte réabhlóidí cleachtadh an dlí a chosc uirthi, ach, i nDeireadh Fómhair 2014 thug Cumann Barra na hIaráine fíonraí 3 bliana di, a chreideann sí a spreag Aireacht chumhachtach na faisnéise.

Thosaigh Sotoudeh ag léirsiú gach lá oibre don “cheart ar easaontú” agus don “cheart ar obair” os comhair cheanncheathrú an Bharra in Tehran. Níor chlúdaigh meáin oifigiúla na hIaráine a hagóid, ach chuaigh go leor gníomhaithe agus íospartach eile sáruithe ar chearta an duine i bpáirt léi. Laghdaigh an Barra fionraí Sotoudeh ar deireadh, i Meitheamh 2015, go 9 mí, agus chríochnaigh Sotoudeh a hagóid, cé gur athluaigh sí féin agus a lucht tacaíochta a n-éileamh go gcealófaí an fhionraí go hiomlán. Chuir sí an laghdú síos don tacaíocht a fuair sí — lena n-áirítear ó Pharlaimint na hEorpa, ar agóid a Feisirí go láidir i gcoinne í a bheith cosctha — agus rinne iarratas láithreach go n-aisireofaí a ceadúnas chun an dlí a chleachtadh.

Tá sé i gceist ag Sotoudeh fanacht san Iaráin agus troid ar son athchóiriú laistigh den tír.

Is scannánóir ag a bhfuil gradam buaite JAFAR PANAHI ar a bhfuil cosc scannáin a dhéanamh go ceann 20 bliain.

Is tacadóir neamhbhalbh é le freasúra na hIaráine agus lochtóir an iar-Uachtarán Ahmedinajad. Gearradh príosúnacht 6 bliana air as "bolscaireacht i gcoinne na Poblachta Ioslámaí" ach níor forghníomhaíodh an fíorasc go fóill: níl sé i bpríosún ach d'fhéadfaí é a phríosúnú uair ar bith. Gabhadh Panahi in 2010 agus scannán folaitheach á dhéanamh aige faoi éirí amach teipthe 2009 a rinne an ghluaiseacht Ghlas san Iaráin. Cé gur scaoileadh saor é i ndiaidh 3 mhí, de bharr agóidí idirnáisiúnta agus stailc ocrais, daoradh chun príosúin é agus coisceadh air scannáin a dhéanamh, taisteal agus labhairt leis na meáin.


D'inis sé do thoscaireacht Pharlaimint na hEorpa a tháinig ar cuairt chun na hIaráine in 2013 go ndearnadh neamhaird den fhianaise a thug sé féin agus a dhlíodóir le linn na trialach agus gur cinneadh an fíorasc roimh ré. Thug sé foláireamh don toscaireacht go raibh dearmad á dhéanamh ar chearta an duine fad atá an domhan dírithe ar an gcomhaontú núicléach leis an Iaráin, agus mheas sé go rachadh an brú faoi chois san Iaráin in olcas a luaithe a chealófaí smachtbhannaí. Dúirt sé gur i ngnóthaí eachtracha amháin a bhí solúbthacht á cur i bhfeidhm ag ceannairí nua na hIaráine seachas i ngnóthaí baile agus go raibh brú ar na meáin, ar chimí agus ar an saol cultúrtha fós.

In agallamh meán in 2014 ar neamhchead dá chosc, dúirt sé gur bhraith sé gur scaoileadh saor ó phríosún beag é ach gur caitheadh isteach i bpríosún níos mó é nuair a coisceadh obair air.

Mar sin féin, tá sé tar éis an toirmeasc ar scannánaíocht a shárú faoi thrí. In 2011, rinne sé *This is not a Film* ina theach féin in Tehran agus é ina shuí chun boird sa chistin, ag caint lena dhlíodóir, ag fanacht le príosúnú. In 2014, d'fhill sé le *Closed Curtain* ina raibh scríbhneoir scáileáin ina chónaí ina aonar lena mhadra, ina theach cois farraige, agus na cuirtíní dúnta ann. In 2015, bhí Panahi i bpríomhpháirt a scannáin dhuaisbhuaitigh *Taxi* mar thiománaí tacsaí ag caint le paisinéirí, lena n-áirítear a chomh-bhuaiteoir Nasrin Sotoudeh, agus é ag tiomáint trí shráideanna Tehran.

Ní mheasann Panahi gur duine polaitiúil é féin ach duine atá toilteannach éagóir a nochtadh. Labhair sé amach i gcoinne cinsireachta san Iaráin agus cháin an tUachtarán Rouhani toisc nár chomhlíon sé na gealltanais toghcháin a thug sé i dtaca leis seo agus sheol feachtas *Step by step* a bhfuil sé mar aidhm aige deireadh a chur le pionós an bháis san Iaráin.

Tá aithne ar scannáin Panahi mar gheall ar a ndearcadh daonnúil agus réadúil ar an saol.



Spreag MOHAMED BOUAZIZI (1984-2011) an Réabhlóid Seasmaine sa Túinéis agus thug sé inspioráid do ghluaiseacht an daonlathais a scuab an Meán Oirthear agus Tuaisceart na hAfraice in 2011, ar a dtugtar Earrach na nArabach.

Fear dícheallach ó chúlra bocht ab ea Bouazizi agus ba air is mó a bhí an cúram soláthar dá theaghlach ó bhí sé 10 mbliana d'aois, mar a mbíodh sé ag díol torthaí ar an margadh. D'fhág sé scoil agus é 19 mbliana d'aois chun go bhféadfadh sé íoc as oideachas a shiblíní ab óige ná é.

D'éag Bouazizi an 4 Eanáir 2011, agus é 26 bliana d'aois, tar éis dó é féin a loscadh in agóid i gcoinne córais a shéan slí bheatha chuibhiúil air. Bhíodh sé á chiapadh ag gníomhairí forfheidhmithe an dlí sa Túinéis go minic, d'fhíneálfaidís é, choigistídís a chuid torthaí agus scálaí, agus an uair dheireanach rinne siad coraíocht go talamh air fiú. Creideann a mhuintir gurbh é an náiriú seachas an bhochtaineacht a thug air é féin a íobairt tar éis dó ceartas a lorg ach ar diúltaíodh dó é. Steall Bouazizi é féin i mbreosla agus las sé cipín lasmuigh de gheataí na bhfoirgneamh rialtais i mbaile beag Sidi Bouzid. Bhí an-mheas air mar go dtugadh sé torthaí saor in aisce do theaghlaigh ba bhoichte, agus chuaigh a chás go croí i go leor daoine eile. Spreag a ghníomh agóidí a leath amach go mear, agus thosaigh Túinéisigh de gach cuid den tsochaí ag cur i gcoinne rialtas éillitheach, ráta ard dífhostaíochta agus srianta lena saoirse.

Bhí sé fós beo, é i bpianpháis agus bindealáin ar gach cuid dá chorp, nuair a thosaigh réimeas údarásaíoch an Uachtaráin Zine al-Abidine Ben Ali, a bhí i gcumhacht ó 1987, ag titim as a chéile.

Deich lá tar éis bhás Bouazizi, cuireadh d'iallach ar Ben Ali éirí as agus an tír a fhágáil agus léirsitheoirí á máirseáil i dTúinis, agus íomhá Bouazizi ar iompar ag go leor acu.

Is sólás dá theaghlach é nach in aisce a d'éag sé óir spreag a ghníomh réabhlóid phobail agus bhain creathadh as rialtais fhorlámhacha i dtíortha eile i ndomhan na nArabach. Chuir sé i bhfios don aos óg Arabach go bhféadfaidís a bhfrustrachas a chur in iúl agus troid ar son a gcuid dínite in aghaidh na héagóra, na héillitheachta agus an rialaithe uathlathaigh.

Tá loicthe ag Earrach na nArabach agus a dhóchas luath agus aisiompaíodh cuid dá ghnóthachain, ach ina áit bhreithe, Túinéis Bouazizi, leantar go diongbháilte ar a shlí chun an daonlathais agus na saoirse smaointeoireachta d'ainneoin ionsaithe sceimhlitheoireachta marfacha agus eagla slándála.



Is é ALI FERZAT an t-aorthóir agus an cartúnaí polaitiúil is mó cáil sa tSiria agus tá sé ar dhuine de na pearsana cultúrtha is cáiliúla i ndomhan na nArabach. In 2012 vótáladh é mar dhuine den 100 duine is mó tionchar sa domhan in iris *Time*.

Rugadh Ferzat in Hama i 1941, agus tá os cionn 15 000 cartún foilsithe aige i nuachtáin Shiriacha agus idirnáisiúnta agus tá duaiseanna buaite aige do na haortha a rinne sé ar dheachtóirí amhail Saddam Hussein agus Muammar Gaddafi agus iad i réim san Iaráic agus sa Libia faoi seach. Chuir a shaothar, a bhí dírithe ar fhórsaí slándála imeaglacha na tíre, brú ar theorainneacha na saoirse tuairimíochta sa tSiria. Nuair a shroich Earrach na nArabach an tSiria in 2011, rinne Ferzat ionsaí níos dírí ar bhaill rialtais, go háirithe an tUachtarán Bashar al-Assad, agus chuir Siriaigh agus iad i mbun agóide i gcoinne an réimis a chartúin ar taispeáint sna sráideanna.

Ionsaíodh Ferzat agus fuair sé bascadh dona ó fhir mhasctha, a bhris a dhá lámh d'aon ghnó agus a bhéic air chun meas a léiriú don Uachtarán al-Assad agus géilleadh dá mháistrí, i gCearnóg Umayyad na Damaisce tar éis dó cartún a fhoilsiú ina raibh al-Assad ag iarraidh síob a fháil ó dheachtóir na Libia, Muammar Ghaddafi, a raibh carr éalaithe á thiomáint ar ardluas aige. D'fhág an bascadh Ferzat gan aithne gan urlabhra, shrac an carr inar chaith a ionsaitheoirí é feadh an bhóthair é, agus ansin fágadh ar an tsráid é amhail marbh.

Ní hamháin gur éirigh le Ali Ferzat a lámha a úsáid arís, ach sháraigh sé an eagla chun a bheith mar dhuine de lucht cáinte is neamhbhailbhe an réimis trína chuid focal agus trína chuid ealaíne. Tá duaiseanna éagsúla buaite aige agus is é ceann Chomhlachas na gCartúnaithe Arabacha é.

Níorbh fhéidir leis freastal ar shearmanas Dhuais Sakharov in 2011 toisc go raibh cóireáil á cur air i gCuáit dá ghortuithe, fuair sé a ghradam ag díospóireacht phoiblí Líonra Dhuais Sakharov a reáchtáil Parlaimint na hEorpa in 2012, áit ar phléigh sé an réabhlóid sa tSiria agus todhchaí an daonlathais tar éis mhúscailt na nArabach le hUachtarán PE agus le buaiteoirí eile Earrach na nArabach. Mar bhuaiteoir Dhuais Sakharov, thug sé aitheasc don chéad chruinniú d'Fhóram Daonlathais Domhanda Chomhairle na hEorpa in 2012.

In 2015, ba é Ferzat an príomhchainteoir ag díospóireacht Líonra Dhuais Sakharov faoin tSiria ag Parlaimint na hEorpa, inar aibhsíodh ról "urraitheoirí" réigiúnacha na bhfaicsean troda sa tSiria agus an gá le brú idirnáisiúnta chun deireadh a chur leis an troid.

Is é údar léaráidí a chomh-bhuaiteoirí Dhuais Sakharov é sa leabhar seo, agus a léargas ealaíonta agus daonnúil ar leith á chur i stróc an phinn lena dtugann sé amach cion den scoth i leith chearta na ndaoine ar fad.



Is gníomhaí chearta an duine ón Éigipt agus duine de chomhbhunaitheoirí ghluaiseacht óige an 6 Aibreán í ASMAA MAHFOUZ.

Agus splanc réabhlóid na Túinéise ag adhaint na hÉigipte go luath in 2011, thug sí dúshlán chniogbheartaíocht réimeas Mubarak ar ghníomhaithe agus d'fhoilsigh sí teachtaireachtaí ar na meáin shóisialta inar iarradh ar Éigiptigh a saoirse, a ndínit agus cearta an duine a éileamh trí agóid shíochánta a dhéanamh i gCearnóg Tahrir. Scaip a físeán, chonaic os cionn 80 milliún duine é agus spreagadh sraith físeán dá shamhail agus dá bharr sin d'áitigh na mílte duine Cearnóg Tahrir ón 25 Eanáir 2011, agus iad ag éileamh go gcuirfeadh Hosni Mubarak deireadh lena fhorlámhas 30 bliain ar an Éigipt, rud a rinne sé an 11 Feabhra 2011.

Agus Duais Sakharov á glacadh aici, rinne Mahfouz cur síos ar an duais mar "ómós do laochra na réabhlóide". "Is duais í seo atá ag dul do gach Éigipteach óg, daoine a d'íobair a saol" agus dúirt sí leis "ní dhéanfaimid feall orthu, leanfaimid orainn ar an turas ar chuir siad tús leis agus déanfaimid cinnte de go mbainfear a n-aisling amach".

Gabhadh Asmaa Mahfouz i nDeireadh Fómhair 2011 ar chúiseanna rialtóirí míleata na hÉigipte a chlúmhilleadh tar éis thitim an Uachtaráin Mubarak. Cuireadh pianbhreith uirthi *in absentia* i Márta 2012, ach chaith cúirt achomhairc a ciontú amach i mBealtaine 2012. Mhéadaigh ar chiapadh, ar bhagairtí agus ar fhaireachas Mahfouz agus an Éigipt ag vótáil d'iar-cheann airm, Abdel Fattah al-Sisi, mar uachtarán na tíre in 2014, tar éis chealú an Uachtaráin Ioslámaigh Mohammed Mursi in 2013 agus tréimhse rialtais eatramhaigh le tacaíocht mhíleata. Agus cniogbheartaíocht throm na n-údarás, a díríodh ar dtús ar an mBráithreachas Moslamach, á leathnú chun guthanna criticiúla agus íocóin cháiliúla réabhlóid an 25 Eanáir a ionsaí, choisc cúirt Éigipteach in Aibreán 2014 gluaiseacht óige an 6 Aibreán lenar bhain Mahfouz agus daoradh triúr dá ceannairí, Ahmed Maher, Mohammed Adel agus Ahmed Douma, chun téarmaí príosúin 3 bliana ar chúiseanna lena n-áirítear agóidíocht go neamhdhleathach.

In 2015 bhí Asmaa Mahfouz i mbun na gluaiseachta nua *Bidayya* (Tosú). In éineacht le bunaitheoirí *Bidayya* tháinig sí faoi imscrúdú i mBealtaine 2015 i leith "treascairt a shaighdeadh in ord an Stáit" a líomhnaítear agus buaileadh cosc taistil uirthi.



Ba é AHMED EL SENUSSI, a rugadh i 1934, an príosúnach coinsiasa ab fhaide sa Libia agus anois is tathantóir láidir d'athmhuintearas na Libia é.

Daoradh chun báis é i 1970 as iarracht ar *coup* i gcoinne an deachtóra Muammar Gaddafi, a bhí tar éis an chéad agus an t-aon Mhonarc ar an Libia Rí Idris a chloí i 1969; chaith El Senussi 31 bhliain go hiomlán i bpríosún. Le linn a phríosúnachta d'fhulaing sé céasadh agus 9 mbliana i limistéar gaibhnithe aonair i gcillín chomh beag nach bhféadfadh sé seasamh suas go díreach ann fiú. Iomalartaíodh a phianbhreith bháis i 1988 agus scaoileadh saor é in 2001 ó phríosún míchlúiteach Abu Salim maille le mórán príosúnach polaitiúil eile.

Cuireann El Senussi síos ar réimeas Gaddafi mar 42 bhliain d'fhulaingt, de chos ar bolg agus d'éilliú a scrios céannacht na Libia. Is é a spreag é chun iarracht ar Gaddafi a threascairt, a deir sé, rogha a thabhairt do dhaoine idir monarcacht agus poblacht bhunreachtúil de bhrí go raibh taithí aige ar scriosadh na dtíortha ag riail mhíleata sa tSiria agus san Iaráic. Creideann sé gur dual do dheachtóireachtaí míleata cearta an duine a shárú agus daoine a chur faoi chois.

Nuair a bhris réabhlóid phobail, le tacaíocht ó ECAT, Gaddafi in 2011, ghlac El Senussi freagracht as príosúnaigh pholaitiúla mar chuid den Chomhairle Náisiúnta Idirthréimhseach (CNI), rialtas *de facto* na Libia go dtí toghcháin 2012.

Bhí El Senussi, ceannaire treibhe uasal, i gcroílár na gluaiseachta feidearálaí sa Libia, le hais cúlra aindlí agus éagobhsaíochta ina raibh faicsin ag dréim chun airm a rialú. Thogh 3 000 toscaire ón réigiún é in 2012, mar cheannaire Chomhairle Idirthréimhseach Cyrenaica. Dhearbhaigh an Chomhairle seo, gan aon fhórsa dlíthiúil ná míleata, ardleibhéal neamhspleáchais a bheith sa réigiún.

Tá troid inmheánach na Libia tar éis a cosán tosaigh chun daonlathais a chur dá bhonn — tá dhá rialtas ag an tír anois, i dTripilí agus in Tobruk, agus cumhacht ag an Stát Ioslámach san Oirthear — molann El Senussi próiseas cuimsitheach athmhuintearais mar an t-aon slí chun síochána. Tá sé i gcoinne breis idirghabhála míleata, agus tacaíonn le reifreann pobail a ghairm chun cruth stáit thodhchaígh Libiaigh a chinneadh.

Tá a fhís féin aige do rialtas cónaidhme láir agus rialachas neamhspleách i gcás na dtrí chúige Libiach Tripolitania, Barqa (Cyrenaica) agus Fezzan. Tacaíonn sé go mór le hathshuíomh bhunreacht 1951, ar an mbonn gurbh fheidearálachas an norm faoin gcuid is mó de mhonarcacht bhunreachtúil Rí Idris. Cé gur garnia den Rí é, níl sé i bhfabhar filleadh ar an monarcacht.

Nasc El Senussi le Parlaimint na hEorpa, Líonra Duais Sakharov agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile chun éileamh ar an bpobal idirnáisiúnta cabhrú leis an Libia na hinstitiúidí a thógáil is gá di chun an riail dlí agus cearta an duine a ráthú dá pobal ar fad.

**2011**
AHMED
EL SENUSSI



Is iriseoir agus dlíodóir um chearta an duine as an tSiria í RAZAN ZAITOUNEH a fuadaíodh i gceantar a bhí faoi smacht ceannairceach i mbruachbhailte na Damaisce an 9 Nollaig 2013. Tá sí ar iarraidh fós, níl aon duine tar éis freagracht a mhaíomh as a fuadach agus ní fios cá bhfuil sí. Cháin Zaitouneh go cróga sáruithe ar chearta an duine ag réimeas na Damaisce agus ag comhraiceoirí ceannairceacha araon, in ainneoin go ndearnadh bagairt uirthi. Fuadaíodh í in éineacht lena fear céile agus gníomhaí polaitiúil eile, Wael Hamada, agus le beirt chomhghleacaithe léi, an file agus dlíodóir Nazem Hamadi agus an t-iarphríosúnach polaitiúil Samira Khalil, ó oifig an dá ghrúpa a bhunaigh sí, Ionad thaifead na sáruithe (ITS) agus Oifig na forbartha áitiúla agus na tacaíochta le mionthionscnaimh (OFATM), in Douma.

Tá Zaitouneh ar dhuine de na gníomhaithe sibhialta is mó le rá agus is inchreidte i réabhlóid na Siria. Feictear do thráchtairí na Siria gur tarlúint chinntitheach é seo sa deighilt atá ag tarlú sa tSiria idir na fórsaí sibhialta agus na hantoiscigh, agus gur rud é atá tar éis buille tromchúiseach a thabhairt do réabhlóid na Siria.


Lorg a muintir cúnamh idirnáisiúnta chun í féin agus a comhghleacaithe a aimsiú. Dúirt a muintir i ráiteas a eisíodh in Aibreán 2014: “Eisímid, muintir Razan Zaitouneh, gníomhaí chearta an duine, an dlíodóir, an scríbhneoir, agus thar aon ní eile, an duine, an ráiteas seo níos mó ná 3 mhí tar éis di bheith fuadaithe d’aon ghnó nár ghlac páirtí ar bith freagracht as, ná ráiteas ná iarratas a eisiúint maidir leis, chun iarracht shoiléir a dhéanamh níos mó ama a thabhairt dóibh féin agus saorghuth ár n-iníne a chur faoi chois, mar aon lena comhghleacaithe agus chun go ndéanfaí cosc ar a gceart chun tuairimí a nochtadh”.

D’iarr gníomhaithe agus polaiteoirí ar fud an domhain, lena n-áirítear an tUachtarán Schulz, go scaoilfí saor iad. “Iarraim thar ceann Pharlaimint na hEorpa go scaoilfí saor láithreach iad ... rinne an réimeas agus na grúpaí ceannairceacha bagairt ar a saol mar gheall ar an gcineál duine atá inti — bean óg chróga a dhiúltaíonn do chomhréiteach agus a leanann den chomhrac go síochánta ar son an daonlathais agus ar son na Siria atá saor”.

In 2014, chuaigh Parlaimint na hEorpa i bpáirt le scórtha ENRanna, muintir na hEorpa agus buaiteoirí Sakharov eile chun a fuascailt a éileamh le feachtas *#FreeRazan*. Tá teaghlach Zaitouneh tar éis béim a leagan ar a creideamh i ngníomhaíocht chearta an duine de Líonra Dhuais Sakharov agus de Pharlaimint na hEorpa.

Nuair a bronnadh duais Sakharov ar Razan Zaitouneh in 2011 bhí sí i gcró folaigh tar éis do ghníomhairí slándála an stáit ruathar a dhéanamh ar a teach. Dhiúltaigh sí, áfach, an tSiria a fhágáil.

D’úsáid sí a sparánacht ó Dhuais Sakharov chun saol gníomhaí eile a shábháil, duine a buaileadh le hurchar as tanc.



Is Cúbach, dochtúir síceolaíochta, iriseoir neamhspleách agus easaontach polaitiúil é GUILLERMO FARIÑAS, a chuaigh ar 23 stailc ocrais thar na blianta chun athrú polaitiúil síochánta agus saoirse cainte a bhaint amach i gCúba.

Tharraing a stailc ocrais 7 mí in 2006 aird an domhain ar chinsireacht idirlín i gCúba, agus ba thrúig fadhbanna tromchúiseacha sláinte dó í.


Dosháraithe i bhFeabhra 2010, tar éis bhás conspóideach Orlando Zapata, chuir Fariñas tús le stailc ocrais a mhair 134 lá, agus é ag iarraidh go scaoilfí saor príosúnaigh pholaitiúla a bhí tinn tar éis dóibh blianta fada a chaitheamh i ngéibheann. Níor chuir sé deireadh leis an stailc seo tar éis do rialtas Chúba a fhógairt go rabhthas ar tí 52 phríosúnach pholaitiúla a scaoileadh saor. Níor ceadaíodh do Fariñas Cúba a fhágáil do shearmanas bronnta Dhuais Sakharov 2010 ag PE. Thug sé aitheasc ar deireadh do Pharlaimint na hEorpa i searmanas bronnta Dhuais Sakharov 2013, tar éis do rialtas Chúba srianta taistil ar Chúbaigh a mhaolú agus d'fhill na *Damas de Blanco* ar Chúba tar éis cuairt a thabhairt ar an bParlaimint.

"Nílim anseo inniu toisc go bhfuil athrú bunúsach tagtha ar an staid, ach mar gheall ar réaltachtaí shaol na linne seo, agus go mór mór, mar gheall ar mhéadú dhúshlán cathartha na gCúbach, rud a chuir iallach ar an réimeas — mar a dúirt prionsa na finscéalaíochta Don Fabrizio ó *Il Gattopardo* — 'rud a athrú ionas nach n-athróidh aon rud'", a dúirt Fariñas ina óráid ghlactha. Is ball gníomhach Fariñas ó shin de Líonra Dhuais Sakharov.

In 2015, d'fhill Fariñas ar a ról mar chomhordaitheoir Foro Antitotalitario Unido, tar éis dó an ghluaiseacht seo a chumasc leis an scáthghrúpa freasúra *Unión Patriótica de Cúba* agus ionadaíocht a dhéanamh do UNPACU mar urlabhraí. D'fhág Fariñas an scáthghrúpa go cairdiúil toisc tuairimí éagsúla le ceannairí eile ar athbhunú an chaidrimh taidhleoireachta idir na Stáit Aontaithe agus Cúba, a fógraíodh i Nollaig 2014 agus atá ag tarlú in 2015. Measann Fariñas gur feall ar dhaonlathaigh Chúba an fhorbairt seo, a bhris gealltanas a rinne an tUachtarán Obama do cheannaire *Damas* Berta Soler agus dó féin in 2013 chun dul i gcomhairle leis an tsochaí shibhialta agus leis an bhfreasúra neamhfhoréigneach faoi aon ghníomhaíocht i leith Chúba.

In 2015, sheol Fariñas bailiúchán do 10 000 síniú a theastaigh faoi bhunreacht Chúba chun go n-áireofaí, sa dlí nua toghcháin a d'fhógair rialtas Raul Castro do thoghcháin in 2018, aitheantas agus dlisteanú gluaiseachtaí polaitiúla láithreacha, an ceart ar vótáil agus seasamh i dtoghchán do gach saoránach Cúbach lena n-áirítear iad siúd atá ina gcónaí thar lear, agus breathnóireacht toghcháin idirnáisiúnta.

Mar gheall ar a ghníomhaíochas, bagraíodh bás agus gaibhniú ar Fariñas in ospidéal síciatrach, bascadh agus cuireadh san ospidéal é, agus arís agus arís eile gabhadh agus coinníodh é, lena n-áirítear ar shochraid Oswaldo Payá, buaiteoir Dhuais Sakharov agus easaontach Chúba eile, le blianta beaga anuas.




Bronnadh Duais Sakharov ar OLEG ORLOV, SERGEI KOVALEV agus LYUDMILA ALEXEYEVA in 2009 thar ceann Memorial agus chosantóirí uile eile chearta an duine sa Rúis.

Bunaíodh Memorial san Aontas Sóivéadach i 1988 agus é mar aidhm thosaigh aige an t-oll-diansmacht faoi riail Stalin a thabhairt chun solais agus cuimhne na n-íospartach a chaomhnú, misean is ábhartha go dtí inniu. Tar éis lánscor APSS, b'eagraíocht idirnáisiúnta é le craobhacha agus ENRanna comhpháirtíochta i bpoblachtaí iar-Shóivéadacha. Tá aidhmeanna Memorial tar éis leathnú ó shin agus faireachán ar sháruithe ar chearta an duine sa Rúis agus sna poblachtaí iar-Shóivéadacha san áireamh. Bhí Andrei Sakharov, a bhunaigh Grúpa Heilsincí i Moscó le Lyudmila Alexeyeva freisin, ar dhuine dá bhunaitheoirí.

Tá Oleg Orlov ar dhuine de cheannairí Memorial ó 1994 i leith, agus is ball é de bhord chumann idirnáisiúnta Memorial. Bhailigh sé fianaise ar fhuadaigh in oirthear na hÚcráine agus cogadh á chur ag scarúnaithe ar son na Rúise ar fhórsaí na hÚcráine, dar leis gurbh inchomparáide an cleachtas sin agus na fuadaigh a ndearna Memorial doiciméadú orthu thar na blianta sa tSeisnia, áit ar fuadaíodh é féin.

Tá cáil ar Sergei Kovalev, Cathaoirleach Memorial na Rúise le fada, mar chaibidligh sé fuascailt thart ar 2 000 duine a bhí á gcoimeád mar ghialla ag reibiliúnaigh Seisniacha in ospidéal Budennovsk i 1995, seo é an t-aon uair nár thrúig ollbháis giall d'ionsaí sceimhlitheoireachta sa Rúis. Cuireann sé i leith na Rúise go bhfuil sí ag cur isteach ar ghnóthaí inmheánacha na hÚcráine agus go bhfuil cogadh cathartha á spreagadh aici san Oirthear.




Bagraíodh, fuadaíodh agus maraíodh baill agus dlúth-chomhpháirtithe Memorial thar na blianta. In 2014, chláraigh údaráis na Rúise Memorial mar “ghníomhaire eachtrach”, tar éis leasuithe a dhéanamh ar dhlí ó 2012 lenar ceadaíodh d'údaráis ENRanna a chlárú mar “ghníomhairí eachtracha” gan a dtoiliú sa chás go raibh cistí á bhfáil acu ó áiteanna lasmuigh den Rúis. Mar a dúirt dlíodóir sinsearach Memorial Kirill Koroteev, agus aitheasc á thabhairt aige d'Fhochoiste na Parlaiminte um Chearta an Duine, ciallaíonn “gníomhaire coigríche” “spiaire” sa Rúis. I Meán Fómhair 2014, thug an Aireacht Dlí agus Cirt cás dlí ar Memorial, inar áitíodh go raibh a chairt agus a structúr ag teacht salach ar an reachtaíocht náisiúnta. D'fhéadfadh leachtacht a bheith mar thoradh ar an gcás. In Eanáir 2015, áfach, chinn an chúirt ar son Memorial, agus diúltaíodh do ghearáin na hAireachta. In earrach 2014, chuir craobh Mhoscó de Memorial (Ionad Chearta an Duine Memorial) in aghaidh a aicmiúcháin mar ghníomhaire eachtach ach chaill sí a cás. Dar le Natalia Sokolova, stiúrthóir feidhmiúcháin Memorial, gur gruama todhchaí Memorial, “ar an drochuair, fágann an staid reatha gur beag dóchas atá ann go mbeimid ábalta oibriú mar eintiteas dlíthiúil agus má oibrímid, cé chomh fada a mhairfidh sé. Tá mórán againn nár chaill an troid fós chun a áirithiú go dtabharfar an ceart ar shaoirse chomhlachais i gcrích lá éigin, agus na sásraí dlíthiúla uile atá ar fáil á n-úsáid”.

Is duine cróga Lyudmila Alexeyeva nach dteastaíonn uaithi an troid ar son na saoirse sa Rúis a chailleadh. Mar cheann Ghrúpa Heilsincí i Moscó, dhiúltaigh sí an Grúpa a chlárú mar “ghníomhaire coigríche”, b'fhearr léi leanúint den obair ar son chearta an duine gan deontais choigríche.

Rugadh í i 1927, tá sí ar dhuine den bheagán easaontach ón ré Shóivéadach atá fós gníomhach i Rúis na linne seo, agus tá cáil uirthi as bheith i mbun feachtais do thrialacha córa d'easaontaigh. In 2012, d'éirigh Alexeyeva as Comhairle Uachtarán na Rúise um an tSochaí Shibhialta agus um Chearta an Duine agus díomá uirthi toisc nach raibh aon fhíorthionchar ag an gComhairle ar staid chearta an duine sa tír. In 2015, áfach, chinn Alexeyeva dul isteach sa chomhairle arís chun díriú ar chur i bhfeidhm an dlí ar ghníomhairí eachtracha, is é sin díriú ar líon ENRanna a bhí ag méadú agus ar oibiú na gcúirteanna agus ar na sáruithe iomadúla ar chearta an duine sna príosúin.

Is rannpháirtithe gníomhacha líonra agus idirghabhálaithe do Pharlaimint na hEorpa ionadaithe Memorial agus Lyudmila Alexeyeva.

Duine de ghníomhaithe daonlathais na Síne is guthaí agus is measúla, cónaíonn HU JIA faoi shíorfhaireachas agus cuireann suas le tréimhsí coinneála treallacha, buanbhagairtí, bascadh agus ciapadh atá géaraithe go dtí go mothaíonn sé go bhfuil a shaol i mbaol, agus tá eagla air dá theaghlach.

Chuaigh Hu Jia i ngleic le saincheisteanna SEIF nuair a bhí cosc ar dhaoine caint faoi VEID/SEIF fós sa tSín agus nuair a bhí líon na gcásanna amhrasta ina "rún stáit". Tá sé tar éis a iarraidh arís agus arís eile ar fhiosrúchán oifigiúil faoi shléacht Chearnóg Tiananmen agus cúiteamh do theaghlaigh na n-íospartach, cuirtear faoi ghabháil tí é gach bliain tráth maruithe Tiananmen an 4 Meitheamh ó thug sé bláthanna go dtí an chearnóg in 2004.

In 2007, trí ghlao comhdhála os comhair Fhochoiste um Chearta an Duine PE, dhírigh sé aird go cróga ar an milliún duine a ndéanann roinn slándála náisiúnta na Síne géarleanúint orthu as troid ar son chearta an duine, agus go leor acu á gcoinneáil i bpríosún, i gcampaí saothair nó in ospidéil mheabhairghalair. D'éiligh sé gurbh é 2008, bliain Chluichí Oilimpeacha Bhéising, bliain chearta an duine sa tSín. Mar thoradh díreach air seo, gabhadh Hu Jia an 27 Nollaig 2007, cúisíodh é i "dtreascairt cumhachta stáit a ghríosú", agus gearradh pionós 3 bliana go leith i bpríosún air an 3 Aibreán 2008 agus diúltaíodh a chearta polaitiúla dó ar feadh bliana.

Nuair a fógraíodh é mar bhuaiteoir Dhuais Sakharov ar a fichiú comóradh bliana, chuir póilíní slándála stáit Hu Jia faoi bhrú, air féin go díreach agus ar a thuismitheoirí, chun diúltú di. Ghlac Hu Jia go cróga léi, "duais thábhachtach don tSín" a thug sé uirthi. Dúirt Zeng Jinyan, a bhean chéile ansin agus comhainmní don Duais in 2007, i bhfístaifeadadh don searmanas bronnta nach bhféadfadh Hu Jia freastal air, gur dearbhú í do chosantóirí chearta an duine sa tSín ar bhóthar fada crua chun cearta an duine a chosaint rud a raibh siadsan agus a ngaolta ag íoc go daor as.

I litir chun Uachtarán PE in Iúil 2012, dúirt Hu Jia gurbh "onóir mhór amach is amach" í an duais agus "fuair mé spreagadh uaithi agus caitheadh i bhfad níos fearr liom sa phríosún dá barr".

Scaoileadh saor é i Meitheamh 2011, agus d'fhan sa tSín chun a cháineadh inmheánach neambhalbh ar an mbrú faoi chois a chothú, cniogbheartaíocht leanúnach ar ghníomhaithe faoin Uachtarán Xi Jinping a cháineadh, ar a dtugann sé comhartha neirbhíseachta ó réimeas atá ag iarraidh a ghreim a choimeád ar chumhacht i gcoinne taoide fáis i leith an daonlathais.

Mar chomhordaitheoir de "dhlíodóirí cosnochta", grúpa neamhfhoirmiúil comhairleoirí dlí a chosnaíonn gníomhaithe chearta an duine sa tSín, tá Hu Jia freisin tar éis rabhadh a thabhairt go srianfaidh dréachtdlí frithsceimhlitheoireachta nua na Síne an ceart ar dhlíodóir dóibh siúd a chúisítear i sceimhlitheoireacht, i dtír, "toisc go rialaíonn an rialtas bolscaireacht, má deir siad gur sceimhlitheoir tú, ansin is amhlaidh is fíor é".



Bhí ionadaíocht dhlíthiúil saor in aisce do dhaoine a coinníodh go treallach, a céasadh agus a cuireadh faoi dhrochúsáid chearta an duine sa tSúdáin á cur ar fáil ag SALIH MAHMOUD MOHAMED OSMAN, dlíodóir Súdánach, le breis agus scór bliain nuair a bhronn PE Duais Sakharov air d'aon toil in 2007.


"Is de dhúchas Darfur mé; rugadh in Jebel Marra mé. Tá na blianta fada caite agam ag obair mar dhlíodóir in Darfur sa tSúdáin. Céasadh agus coinníodh mé mar gheall ar mo chuid oibre. Rinne an milíste in Darfur cuid de mo theaghlach féin a chéasadh agus a easáitiú. Le blianta fada, i mo chuid oibre, tá ionadaíocht déanta agam do dhaoine a raibh gá acu le mo chúnamh os comhair na gcúirteanna. Tá na mílte duine a céasadh feicthe agam; tá na céadta bean agus cailín óg ar tugadh drochúsáid ghnéasach dóibh feicthe agam", arsa Salih Osman le Parlaimint na hEorpa agus an duais á glacadh aige.

Choinnigh na húdaráis é féin arís agus arís eile, ach níor cúisíodh in aon choir riamh é. Tá coireanna liostaithe aige a tharla ó bhris cogadh amach in Jebel Marra in 2003 inar éirigh Afracaigh eitneacha amach i gcoinne an rialtais ina raibh móramh Arabach, idirdhealú á chur ina leith, agus ar ar bagraíodh frithbheart ó mhílístí Arabacha.

Tá baint ghníomhach ag Osman i gcosaint na milliún Darfurach easáitithe óna dtithe ag an troid leanúnach in Darfur, a treisíodh in 2015 agus cabhair dhaonnúil á lorg ag breis is 4 mhilliún duine. Leagann Osman béim nach bhfuil na cúiseanna a d'adhain an cogadh, lena n-áirítear díshealbhú talún agus imeallú polaitiúil, réitithe go fóill ach go bhfuil siad imshocraithe le héilimh bhreise neamhchomhlíonta go dtabharfaí dlíthe náisiúnta i gcomhréir le caighdeáin idirnáisiúnta agus go gcinnteofaí neamhspleáchas na mbreithiúna.

Is tacadóir buan den Chúirt Choiriúil Idirnáisiúnta Osman, a bhí ina Fheisire de Pharlaimint na Súdáine don fhreasúra idir 2005 agus 2010, mar "níl áit ar bith ar féidir le hAfracaigh a n-iontaoibh a chur chun ceartas agus cúiteamh a lorg ós rud é nach bhfuil córais bhreithiúnacha leormhaithe ar fáil san Afraic". Tacaíonn Osman go gcúiseofar ar díotáil i gcoireanna cogaidh Uachtarán na Súdáine Omar al-Bashir, a lean de ghabháil ag an gCúirt Choiriúil Idirnáisiúnta a sheachaint in 2015.

Leanann Osman ar chúnamh dlí saor in aisce a chur ar fáil don líon méadaithe íospartach de sháruithe ar chearta an duine in Darfur. Tá sé gafa le gníomhaíocht Líonra Dhuais Sakharov ar son chearta an duine, ag labhairt amach dó i gcoinne céasadh agus saoirse ó phionós.



Tá ALIAKSANDR MILINKEVICH, ina cheannaire ar Ghluaiseacht ar son na Saoirse, freasúra daonlathach sa Bhealarúis, a raibh “an chrógacht aige dúshlán a chur faoin deachtóireacht dheireanach san Eoraip”, mar a dúirt Uachtarán na Parlaiminte ag an am, Borrell Fontelles, nuair a bhronn sé Duais Sakharov air i 2006.

Roghnaíodh Milinkevich, eolaí, le bheith ina chomhiomaitheoir uachtaránachta don Fhreasúra Daonlathach Aontaithe i nDeireadh Fómhair 2005. Agus todhchaí fhíordhaonlathach don phoblacht iar-Shóivéadach á gríosú aige, chuir Milinkevich é féin i láthair mar rogha dháiríre ar údarásaíochas an Uachtaráin Lukashenka, ar cháin an freasúra sa Bhealarúis agus thar lear a bhua go mór as camastaíl vóta. Tar éis dó dul san iomaíocht, gabhadh Milinkevich ar leithscéalta éagsúla, ach níor cúisíodh riamh é.


Níor sheas Milinkevich do thoghcháin uachtaránachta 2010 toisc gur mheas sé nach ndearnadh aon athruithe ar na rialacháin toghcháin náisiúnta chun toghcháin chothroma, shaora agus oscailte a áirithiú. Cháin Milinkevich an meath breise ar staid chearta an duine sa Bhealarúis tar éis an toghcháin sin a dheimhnigh sealbhú Lukanshenka ar chumhacht.

Mar bhuaiteoir Dhuais Sakharov agus ceannaire den fhreasúra, téann comhlachtaí Parlaiminteacha, atá bainteach leis an mBealarúis, i gcomhairle le Milinkevich go minic agus ghlac sé páirt in imeachtaí Líonra Dhuais Sakharov, comhdhálacha líonra agus díospóireachtaí poiblí. I ndíospóireacht LDS sa Liotuáin le Berta Soler ó na Damas de Blanco, le húdaráis náisiúnta agus le Feisirí de Pharlaimint na hEorpa agus de Pharlaimint na Liotuáine, rinne Milinkevich cáineadh ar an imeaglú agus ar an náiriú leanúnach atá á ndéanamh ag na húdaráis ar chosantóirí chearta an duine sa Bhealarúis. Dhearbhaigh sé gur thacaigh sé le lánpháirtiú na Bealarúise tuilleadh san Eoraip maille le hidirphlé criticiúil agus cuiditheach le húdaráis na Bealarúise.

Ba phríomhghné d’idirghabhálacha Milinkevic idirphlé i rith dhíospóireachtaí poiblí líonra agus éisteachtaí ag Parlaimint na hEorpa. Gríosaíonn sé breis rannpháirtíocht AE leis an mBealarúis chun breis saoirse a thabhairt dá muintir. Leagann Milinkevich síos go bhféadfaí gá na Bealarúise le cúnamh eacnamaíoch a úsáid mar ghiaráil chun tabhairt ar an mBealarúis idirphlé le AE, lena n-áirítear maidir le cearta an duine.

Agus an Bhealarúis ag dul i dtreo a cúigiú toghchán uachtaránachta iar-Shóivéadach i nDeireadh Fómhair 2015, níor fhógair Milinkevich fós an raibh sé chun seasamh i dtoghchán nó nach raibh tráth scríofa, i ndúshlán féideartha ar shealbhú Lukashenka ar chumhacht ar feadh 21 bhliain.





Bunaíodh na MNÁ BÁNGHLÉASTA, nó *DAMAS DE BLANCO* ar bhonn spontáineach i gCúba in 2003 nuair a cimíodh 75 dhuine dá ngaolta agus dá bhfir chéile le linn an Earraigh Dhuibh, dian-chniogbheartaíocht a rinne an réimeas Cúbach ar ghníomhaithe daonlathais. Mháirseáil siad sna sráideanna agus scríobh siad go leor litreacha chuig údaráis Chúba, ag iarraidh go scaoilfí saor na príosúnaigh, ach ní bhfuair siad oiread agus freagra amháin. Níor ghéill na *Damas*, agus d'éirigh lena síoragóidí; scaoileadh saor gach príosúnach an Earraigh Dhuibh faoi 2011.

Lean na *Damas* dochloíte dá dtroid ar son an daonlathais agus chearta an duine i gCúba agus is é an t-aon ghrúpa sa tír chumannach a gceadaítear dóibh máirseálacha seachtainiúla a thionól i limistéar sonrach. Siúlann mná bánghléasta agus grianghraif dá ngaolta is íospartaigh smachtúlachta i gCúba, agus bláthanna gladioli, siombal síochána, á n-iompar acu, síos Cúigiú hAscaill Havana in Miramar gach Domhnach i ndiaidh aifrinn ag Séipéal San Rita, tostach agus láidir i bhfianaise bagairtí, maslaí, ionsaithe agus gabhálacha minice.


In 2013, bhí na *Damas* in ann glacadh i bpearsa le Duais Sakharov ar deireadh, a bronnadh orthu in 2005. Bhí cead ag a nUachtarán, Berta Soler, agus ag ionadaithe na gluaiseachta, Belkis Cantillo Ramirez agus Laura Maria Labrada Pollán — iníon le Laura Pollán, comhbhunaitheoir grách *Damas* agus a d'éag in 2011 — Cúba a fhágáil tar éis mhaolú na srianta taistil ar shaoránaigh agus an Pharlaimint a aitheasc, a d'aithin iad as a gcrógacht agus as a dtiomantas do chúis chearta an duine. Chuir Berta Soler Duais Sakharov i gcosúlacht le "sciath" a chosnódh na *Damas* tar éis dóibh filleadh ar Chúba.

Go gairid tar éis shearmanas Dhuais Sakharov, bhunaigh na *Damas* agus easaontaigh eile, lena n-áirítear Buaiteoir 2010, Guillermo Fariñas, ardán idirnáisiúnta chearta an duine i gCúba.

Tá Berta Soler, a ionadaíonn na *Damas* ag Parlaimint na hEorpa agus ag imeachtaí Líonra, ag síoriarraidh ar AE — a thosaigh idirbheartaíocht maidir le comhaontú déthaobhach polaitiúil le Cúba in 2014 — go mbeidh cearta an duine ina choinníoll in aon chomhaontuithe le Cúba. In 2015, dúirt na *Damas* gur bhraith siad níos mó i leataobh ag polaiteoirí na Stát Aontaithe ar cuairt ar an oileán, tar éis bearta caidrimh taidhleoireachta a athbhunú idir SAM agus Cúba.

D'athdhearbhaigh na *Damas de Blanco* Berta Soler mar cheannaire orthu in 2015 i reifreann a ghairm an grúpa tar éis do roinnt ball a ceannas a cháineadh.

D'fhulaing na Mná Bánghléasta tonn coinneála, batrála agus céasta in 2015, iad ar na grúpaí is mó ar a ndíríonn údaráis Chúba le cur faoi chois.



Rugadh HAUWA IBRAHIM, dlíodóir chearta an duine, i dteaghlach Moslamach i sráidbhaile Hinnah sa Nigéir thuaidh. Is ann a d'fhoghlaim sí na luachanna a neartaigh a réiteach, lena n-áirítear áitiús a máthar gurb é an t-oideachas an t-aon slí as an mbochtaineacht. Gealladh go dtabharfaí le pósadh í ag 10 mbliana d'aois, rith Ibrahim ó bhaile go scoil chónaithe cailíní ionas go bhféadfadh sí leanúint dá hoideachas. Chuir spéiseanna intleachtúla Ibrahim i dteannta a paisin ar son an cheartais i dtreo staidéar a dhéanamh ar an dlí í. Ba í an chéad bhandlíodóir i ndúiche Yamaltu/Deba de stát Gombe agus lorgaítear í go forleathan anois dá comhairle dlí.

Nuair a tugadh isteach dlí Shariah in dhá stát déag sa Nigéir thuaidh i 1999 chuir sé amhras ar chosaint chearta bunúsacha an duine, go háirithe cearta na mban. Thosaigh Hauwa Ibrahim ar chleachtas dlí tionscantach inar ionadaigh sí mná a raibh adhaltranas curtha ina leith agus a daoradh chun báis le clocha, agus leanaí a raibh goid curtha ina leith agus ar daoradh teascadh géige orthu. Chosain sí níos mó na 150 cás, gan íocaíocht, inar sábháladh Amina Lawal, Safiya Hussaini, Hafsatu Abubakar agus go leor daoine eile ón mbás.

Ó 2010 go 2013 ba chomhalta taighde agus léachtóir ar cuairt í Ibrahim ag Harvard Divinity School. I mBealtaine 2014 cheap Uachtarán na Nigéire mar bhall den Choiste Uachtaránachta í ar fhuadach os cionn dhá chéad scoláire baineann ag grúpa sceimhlitheoireachta Boko Haram i dtuaisceart na Nigéire. Luaite as a creidtiúnacht agus a paisean do dhínit an duine, tá tacaíocht idirnáisiúnta spreagtha ag Ibrahim ó Pharlaimint na hEorpa agus ó Chomhdháil SAM le linn dul i ngleic le tragóid gan réiteach na gcailíní fuadaithe. Leanann sí den ghá le gníomhaíocht níos láidre a nochtadh chun díriú ar fhoréigean i gcoinne ban, ar bhochtaineacht tháir agus ar easpa deiseanna chun antoisceachas creidimh atá ag fás a chealú.



Bunaithe ar a taithí féin, braitheann Ibrahim go láidir gurb é an t-oideachas an eochair don todhchaí agus ina theannta sin gurb é toradh oideachas an chailín oideachas an teaghlaigh agus dá réir sin oideachas an phobail agus na sochaí. D'infheistigh Ibrahim a hairgead as Duais Sakharov i ndearlaic, a chuireann deiseanna oideachais ar fáil do leanaí i dtuaisceart na Nigéire trína áirithiú go bhfuil an acmhainn acu fanacht ar scoil. Páirteach go gníomhach i bhfeachtas LDS do chearta leanaí, tugann Ibrahim léachtaí Sakharov agus glacann páirt i ndíospóireachtaí i bParlaimint na hEorpa, spreagann a turas pearsanta féin an lucht féachana. Ar chuireadh Phrionsa El-Hassan bin Talal, d'oibrigh Ibrahim in 2015 ar shaincheisteanna cumhachtaithe ban agus ceartais shóisialta i Ríocht Haisimíteach na hIordáine don Áise Thiar Afraic Thuaidh (ATAT). Tá sí ag obair chomh maith ar shaincheisteanna plé idirchreidimh ag Institiúid Ríoga an Léinn Idirchreidimh in Amman, an Iordáin.






Is ENR idirnáisiúnta é TUAIRISCEOIRÍ GAN TEORAINNEACHA atá bunaithe sa Fhrainc agus a throideann ar son saoráil faisnéise ar fud an domhain.

Dar le Tuairisceoirí Gan Teorainneacha (TGT) is í an tsaoirse chun tuairimí a nochtadh agus faisnéis a fháil an tsaoirse is tábhachtaí ar domhan agus is í atá mar bhunchloch ag daonlathas ar bith. Áitíonn an eagraíocht "mura raibh an tsaoirse ag iriseoirí na fíricí a thuairisciú, mí-úsáid a cháineadh agus an pobal a chur san airdeall, conas ab fhéidir linn cur i gcoinne fhadhb na saighdiúirí linbh, cearta na mban a chosaint, nó an comhshaol a chaomhnú?".

Déanann TGT faireachán leanúnach ar ionsaithe ar shaoráil faisnéise ar fud an domhain agus cáineann sé go leanúnach iad, comhraiceann an chinsireacht agus dlíthe atá dírithe ar shaoráil faisnéise a shrianadh, cabhraíonn le hiriseoirí atá faoi ghéarleanúint mhorálta agus airgeadais agus lena dteaghlaigh agus cuireann cúnamh ábhartha ar fáil do chomhfhreagraithe cogaidh chun a áirithiú go gcoimeádtar sábháilte iad. Chun dul timpeall ar chinsireacht, foilsíonn sé, ó am go chéile, ailt atá toirmiscthe ina dtír bhunaidh, óstálann nuachtáin atá druidte ina dtír dhúchais agus fónann mar fhóram d'iriseoirí atá "curtha ina dtost" ag údaráis a dtíre féin. Lena áirithiú go dtugtar dúnmharfóirí agus lucht ciaptha iriseoirí chun trialach, tá seirbhísí dlí á gcur ar fáil ag líonra TGT ó 2002 i leith d'íospartaigh agus ionadaíonn sé iad sa chúirt. Bronnann sé dhá dhuais gach bliain, Duais na dTuairisceoirí gan Teorainn agus Duais Netizen, a thugann aitheantas agus onóir do bhlagálaithe, d'iriseoirí agus do na meáin ar fud an domhain.

Foilsíonn TGT Innéacs um Shaoirse na Meán Domhanda ar bhonn bliantúil. Clúdaíonn innéacs 2015 180 tír agus tarraingíonn aird ar an meath ar fud an domhain i saoráil faisnéise an bhliain roimhe sin. "Cúngaithe ag cogaí, bagairt ó oibrithe neamhstáit, foréigean i rith léirsithe agus an ghéarchéim eacnamaíoch tá saoirse na meán ag cúlú sna cúig ilchríoch," a fhógraíonn TGT. Luaitear coinbhleachtaí sa Mheán-Oirthear, san Úcráin, sa tSiria agus san Iaráic mar róshamplaí de seo, i gcás inar "fhear gach páirtí cogaíochta gan eisceacht cogadh faisnéise scanrúil inar sprioc na meáin, inar ionsaíodh, nó fiú inar tostadh iad". Luann TGT ina innéacs fachtóirí tábhachtacha a chuireann le meath ar shaoirse an phreasa, lena n-áirítear ardú na ngrúpaí neamhstáit amhail Boko Haram agus an Stát Ioslámach, úsáid pholaitiúil na cinsireachta creidimh, an bhearna leathnaithe idir Ballstáit AE, agus réimis údarásaíocha a lorgaíonn rialú breise faisnéise fós.

Mar bhuaiteoir Dhuais Sakharov, tá TGT tar éis Buaiteoirí eile a thabhairt le chéile agus tionscnaimh Líonra Dhuais Sakharov a chur chun cinn. Tá sé go gníomhach i ngníomhaíocht chearta an duine LDS agus in 2015 sonraíodh é i bhfeachtas Pharlaimint na hEorpa ar son saoirse cainte.

Déanann COMHLACHAS IRISEOIRÍ NA BEALARÚISE (CIB) ionadaíocht do 1 000 gairmí, agus déanann sé iarracht iriseoirí atá ag obair faoi dhálaí an-deacair a chosaint agus is minic a bhíonn siad thíos le himeaglú, ciapadh, ionchúiseamh coiriúil agus easaoránacht.

Bunaithe i 1995, bliain tar éis do dheachtóir Bealarúiseach Alexander Lukashenka cumhacht a ghlacadh, is é CIB ó bunaíodh é an mórchumann don phreas neamhspleách sa Bhealarúis. Óna bhunáit i Minsc agus cúig bhrainse réigiúnacha dá chuid, tá sé mar aidhm ag CIB an fhaisnéis is oibiachtúla, is fírinní, is cuimsí agus is tráthúla a chur ar fáil do phobal na Bealarúise agus, ina theannta sin, bíonn ag dréim le hiriseoireacht d'ardchaighdeán agus eiticiúil.

Troideanna CIB go diongbháilte do shaoirse preasa i dtír ina gceadaíonn dlí na meán do na húdaráis na meáin róchriticiúla, dar leo, a dhruidim, tá airteagail sa phianchód fós a ghearrann pionós as clúmhilleadh oifigeach ardleibhéil, ní mór do na meáin eachtracha ceadúnas a fháil chun oibriú agus ciapann an KGB a rannpháirtithe áitiúla, agus fulaingíonn na meáin neamhspleácha idirdhealú eacnamaíoch. Cháin CIB cosc méadaithe dlíthiúil in 2014, chomh maith le fíneálacha agus cúisimh choiriúla ar roinnt dá baill, agus fiú cúiseamh tréasa ar dhuine.

Is tosaíocht de chuid CIB anois leasuithe breise sriantacha ar dhlí na mórmheán, a tháinig i bhfeidhm in 2015, a throid, leasuithe lena n-éascaítear don rialtas láithreáin ghréasáin a dhruidim, gréasáin ab eol gur bacadh rochtain orthu roimhe sin. Le tacaíocht preaseagraíochtaí idirnáisiúnta, tá CIB freisin ag obair faoi láthair chun dlí meán a thoirmisceann ar shaoririseoirí tuairisciú sa tír a chealú, de shárú ar chaighdeáin saoirse preasa Eorpacha.

In 2015, tháinig bunaitheoir agus cathaoirleach fadtéarma CIB Zhanna Litvina anuas ón stiúir, ach tá sí gníomhach fós in CIB mar bhall dá bhord. Iriseoir cáiliúil ina tír, ina n-áirítear ina gairm í a bheith ina ceann ar bhiúró Raidió na Saoirse Mhinsc agus chruthaigh sí agus bhí ina ceann ar stáisiún raidió Bealarúisise neamhspleách, gearrshaolach, uathúil, FM 101.2, bhí CIB faoi stiúir Litvina le 20 bliain ó bunaíodh é.

Thogh Comhlachas Iriseoirí na Bealarúise Andrei Bastunets, iarfheisire, mar chathaoirleach nua air. Tacaíonn ceithre leascheann le Bastunets, dlíodóir, Sviatlana Kalinkina, Mikhail Yanchuk, Aliaksandr Starykevich agus Alina Suravets.

Glacann CIB páirt ghníomhach in obair Líonra Dhuais Sakharov agus in 2015 ghlac páirt i bhfeachtas Pharlaimint na hEorpa ar son saoirse cainte.




**2004**
COMHLACHAS
IRISEOIRÍ
NA BEALARÚISE

I mbronnadh Dhuais Sakharov 2003 ar na NÁISIÚIN AONTAITHE, thug Parlaimint na hEorpa aitheantas d'iarrachtaí NA ar son na síochána, ar son chearta an duine agus ar son saoirsí bunúsacha.

Tugadh urraim go háirithe le Duais Sakharov do bhaill foirne na Náisiún Aontaithe a bhíonn ag obair go dícheallach ar son na síochána ar domhan, go minic i ndálaí an-deacair. Bronnadh an duais i ndilchuimhne ar Sergio Vieira de Mello, Ard-Choimisinéir na Náisiún Aontaithe um Chearta an Duine, agus duine de na hionadaithe ab fhiúntaí de NA, a bhí i measc na ndaoine a maraíodh sa bhliain 2003 in ionsaí a rinneadh ar Cheanncheathrú NA i mBagdad nuair a bhí sé ag fónamh mar ionadaí speisialta Kofi Annan san Iaráic.

Is é na Náisiúin Aontaithe an t-aon chomhlacht domhanda ar domhan; ní hamháin go bhféachann sé leis an tsíocháin a choimeád agus a athbhunú, le cearta an duine a chosaint agus an creat don cheartas idirnáisiúnta a bhunú, déileálann sé freisin leis na dúshláin nua idirnáisiúnta amhail an clár oibre iar-2015 le haghaidh forbartha, ghéarchéim reatha na dteifeach, sceimhlitheoireacht idirnáisiúnta agus athrú aeráide. Tugann Koffi Annan foláireamh dúinn go bhféadfadh sé go dtiocfadh d'éifeacht thromchúiseach an athraithe aeráide go mbeadh "na daoine atá beo in éad leis na daoine atá imithe ar shlí na fírinne".

Bronnadh Duais Nobel na Síochána go comhpháirteach ar na Náisiúin Aontaithe agus ar Koffi Annan in 2001. Ba é Kofi Annan seachtú hArd-Rúnaí na Náisiún Aontaithe. Mar thaidhleoir Gánach, d'fhóin sé ó 1997 go dtí 2006 agus ba é an chead ardrúnaí a tháinig chun cinn as measc fhoireann na Náisiún Aontaithe é. Labhair sé amach i gcónaí ar son chearta an duine, an riail dlí, Spriocanna forbartha na mílaoise, agus ar son na hAfraice, agus d'fhéach sé leis na Náisiúin Aontaithe a thabhairt níos gaire don phobal domhanda trí naisc a chruthú idir an tsochaí shibhialta, an earnáil phríobháideach agus comhpháirtithe eile.

Sa bhliain 2005, rinne Kofi Annan an tuarascáil dar teideal *In larger freedom*, ina ndearna sé cur síos ar a smaointe d'athchóiriú cuimsitheach agus forleathan ar na Náisiúin Aontaithe, a thíolacadh do Chomhthionól Ginearálta na Náisiún Aontaithe. Mar thoradh ar an athchóiriú seo, i measc nithe eile, bunaíodh Comhairle nua um Chearta an Duine i Márta 2006, in áit an Choimisiúin um Chearta an Duine, a bhfuil sé mar aidhm aici córas an chomhlachta dhomhanda seo a neartú chun cearta bunúsacha a chur chun cinn agus a chosaint agus déileáil le mórchiontóirí chearta an duine.

Tar éis dó dhá théarma a chríochnú mar Ard-Rúnaí ar na Náisiúin Aontaithe sa bhliain 2007, tá Kofi Annan páirteach anois i roinnt eagraíochtaí a dhíríonn ar shaincheisteanna domhanda agus Afracacha, lena n-áirítear Fondúireacht Kofi Annan, ar bhunaigh sé féin é. Tá sé faoi láthair ina chathaoirleach ar na Seanóirí, grúpa ceannairí domhanda neamhspleácha a thug Nelson Mandela le chéile in 2007, grúpa arb é is aidhm dóibh oibriú le chéile le haghaidh síochána agus chearta an duine.





**2002**
OSWALDO JOSÉ
PAYÁ SARDIÑAS

Is mar bhunaitheoir Thionscadal Varela is fearr aithne ar OSWALDO JOSÉ PAYÁ SARDIÑAS (1952-2012), arb é atá ann ná feachtas inar tacaíodh le reifreann ar dhlíthe lena ráthaítear cearta sibhialta, saorthoghcháin iolraíocha, scaoileadh saor na bpríosúnach polaitiúil go léir, agus athchóirithe eacnamaíocha agus sóisialta i gCúba.

Bhí sé ina leasaitheoir gníomhach ó bhí sé óg agus imríodh géarleanúint air agus cáineadh go minic é toisc gur labhair sé amach i gcoinne éagóir agus bheartais Fidel Castro, ach in ainneoin an mhéid sin, sa bhliain 1988 bhunaigh sé Gluaiseacht Chríostaí na Saoirse, a d'éirigh le bheith ar cheann de na gluaiseachtaí freasúra is mó i gCúba.

I 1997 cheap sé tionscadal uaillmhianach Varela ina raibh na chéad chéimeanna ionsar saor-rannpháirtíocht d'áitritheoirí Chúba i saol polaitiúil agus eacnamaíoch trí shaoirse cainte agus tionóil agus trí na príosúnaigh pholaitiúla a scaoileadh saor. Cé go bhfuair tionscadal Varela de chuid Payá tacaíocht ó na mílte Cúbach, cuireadh bac leis le fritionscnamh de chuid údaráis Chúba a bhuanaigh stádas sóisialach Chúba, tionscnamh ar mhaígh na húdaráis go raibh sé faofa le pobalbhreith. Cuireadh go leor de lucht feachtais thionscadal Varela sa phríosún le linn Earrach Dubh na bliana 2003 ach níor ghéill Payá.

Sa bhliain 2008, chuir sé dréachtdlí maidir le hollmhaithiúnas do na príosúnaigh pholaitiúla go léir faoi bhráid an tionóil náisiúnta, agus sa bhliain 2010 sheol sé *Foro Todos Cubanos*.

Níor cuireadh Payá sa phríosún riamh, ach deir a mhuintir go ndearnadh bagairtí báis éagsúla air. Maraíodh é i dtimpiste bhóthair ar bhain conspóid leis i gCúba an 22 Iúil 2012. Mar ómós dó, dúirt Uachtarán Pharlaimint na hEorpa, Martin Schulz, gur chreid sé go "mairfidh smaointe Payá toisc gur spreag a shaothar agus a dhíograis glúin de ghníomhaígh Chúbacha, a bhfuil cearta an duine agus saoirse pholaitiúil á gcur chun cinn acu mar a rinne seisean rompu".

Tá Gluaiseacht Chríostaí na Saoirse fós ag éileamh go ndéanfar soiléiriú ar na cúinsí ina bhfuair sé bás. Ní ghlacann a theaghlach leis an scéal oifigiúil gur maraíodh i dtimpiste bhóthair é. Tá a iníon, Rosa Maria, tar éis impí os comhair Chomhairle um Chearta an Duine na Náisiún Aontaithe agus eagraíochtaí idirnáisiúnta eile, lena n-áirítear PE, go ndéanfaí fiosrúchán idirnáisiúnta neamhchlaonta i leith bhás a hathar agus cháin sí an ghéarleanúint agus na bagairtí atá déanta ag gníomhairí na slándála stáit ar an teaghlach. Bhog teaghlach Payá go SAM in 2013 agus dúirt siad gurbh aistriú sealadach é.

Rinne iníon Payá ionadaíocht air ag an gComhdháil ag ceiliúradh 25 bliana de Dhuais Sakharov ag Parlaimint na hEorpa, ina ndearnadh "fiosrúchán maidir le bás bhuaiteoir Dhuais Sakharov na bliana 2002, Oswaldo Payá" a éileamh sa dearbhú críochnaitheach.

Scríbhneoir agus acadóir Palaistíneach ab ea IZZAT GHAZZAWI (1952-2003) a raibh a chuid scríbhneoireachta dírithe ar thrioblóidí agus ar fhulaingt na gcríoch Palaistíneach mar thoradh ar fhorghabháil Iosrael agus ar a thragóid phearsanta féin. Ba chrá croí dó marú a mhic Ramy, nach raibh ach 16 bliana d'aois, de lámh arm Iosrael, sa bhliain 1993. Maraíodh Ramy i gclós na scoile nuair a shíl sé cúnamh a thabhairt do chara leis a bhí gonta. In ainneoin a bhriste croí, lean Ghazzawi de bheith ag féachaint le cainteanna cultúrtha agus polaitiúla a chothú le muintir Iosrael.

Ba theifigh tuismitheoirí Gazzawi agus ba de theaghlach mór é a theith go dtí an Bruach Thiar sa bhliain 1948. Scríobh sé a chéad dráma nuair a bhí sé 13 bliana d'aois. Fuair sé MA i Litríocht na Breataine agus Mheiriceá agus d'oibrigh sé mar léachtóir ag Ollscoil Birzeit. Bhí sé ina chathaoirleach ar Aontas na Scríbhneoirí Palaistíneacha, scríobh sé úrscéalta agus gearrscéalta, ba chriticeoir litríochta é agus ba é a d'eagraigh an chéad Chomhdháil Idirnáisiúnta Scríbhneoirí sa Phalaistín i 1997 agus bhí sé ina chathaoirleach ar an gComhdháil réamhráite sin.

Ba chomhalta freisin de bhiúró feidhmeannach Chomhairle um Cheartas agus Síochάin na Palaistíne é Ghazzawi. Chuir údaráis Iosrael príosúnacht agus pionós air roinnt uaireanta de bharr a chuid gníomhaíochtaí polaitiúla. An rud ba mhó a ghoill air le linn na tréimhse sin ná gur scaradh óna theaghlach é, go háirithe a sheisear clainne, agus ní fhéadfadh sé iad a fheiceáil ach ar feadh 30 nóiméad gach coicís.


Bhí cruinniú aige le scríbhneoirí Iosraelacha in Iarúsailéim i 1992, cruinniú a chuir imní ar dtús air ach a chuir cor ina chinniúint ina dhiaidh sin. B'ansin a chonacthas dó gur chomhpháirtithe iad a chuid comhghleacaithe Iosraelacha lena bhféadfaí todhchaí a thógáil ina mbeadh na Palaistínigh agus na hIosraelaigh cothrom lena chéile i ngach gné den saol.

Le linn di Duais Sakharov a bhronnadh ar Ghazzawi sa bhliain 2001, thug Uachtarán Pharlaimint na hEorpa ag an am, Nicole Fontaine, urraim dó as "cúis na síochána agus an idirphlé idir muintir Iosrael agus muintir na Palaistíne a chur chun cinn gan staonadh. Níor tháinig lagmhisneach riamh ort, in ainneoin na bpríosúnachta agus na cinsireachta, agus níos measa fós do bhris agus do mhéala ar bhás do mhic Ramy in aois a 16 bliana".

Agus é ag Parlaimint na hEorpa, labhair Ghazzawi faoin slánú gur féidir linn a bhaint amach "nuair is féidir linn riachtanais a chéile a thuiscint". (2)

Go gairid tar éis bhás a mhic, rinne Ghazzawi in éineacht leis an scríbhneoir Iosraelach Abraham B. Yehoshua agus an grianghrafadóir Iodálach, Oliviero Toscani, *Enemies* a fhoilsiú, leabhar faoin gcaidreamh idir na Palaistínigh agus na hIosraelaigh agus leabhar ar éirigh thar barr leis.

Bhásaigh Izzat Ghazzawi an 4 Aibreán 2003.



(2) 25 bliana de Dhuais Sakharov: Parlaimint na hEorpa ag cumhdach saoirse smaointeoireachta, Lárionad Cartlainne agus Doiciméadachta, Parlaimint na hEorpa, Irisí Cardoc, Uimh. 11, Samhain 2013, lch. 112.

Iosraelach a rugadh sa bhliain 1949 í NURIT PELED-ELHANAN agus is léachtóir ollscoile agus údar í. Maraíodh a hiníon 13 bliana d'aois, Smadar, in ionsaí féinmharfach a rinne Palaistíneach in Iarthar Iarúsailéim sa bhliain 1997.

"Maraíodh mo chailín beag toisc gur Iosraelach a bhí inti agus bhí an fear óg a mharaigh í faoi chois agus ar an daoraí ionas gur bheartaigh sé lámh a chur ina bhás féin toisc gur Palaistíneach a bhí ann. Tá an bheirt acu ina n-íospartaigh de chuid fhorghabháil na Palaistíne ag na hIosraelaigh. Anois tá a gcuid fola measctha ar chlocha Iarúsailéim áit a ndearnadh neamhaird d'fhuil i gcónaí", a dúirt Peled ar bhás a hiníne. Níor thug sí cead do na húdaráis Iosraelacha, lena n-áirítear an Príomh-Aire, freastal ar an tsochraid.

Is iníon í Nurit Peled-Elhanan í féin leis an nGinearál cáiliúil Matti Peled, fear a bhfuil clú agus cáil air as na feachtais shíochánta agus fhorásacha a raibh sé ina mbun agus tá sí ina siombail ar na daoine sin in Iosrael a bhíonn ag troid i gcoinne fhorghabháil agus ar son shaoirse na Palaistíne.

Tá sí meáite chomh maith ar athrú meoin a bhaint amach i sochaí Iosrael, go háirithe sa ghlúin óg. Sa leabhar is déanaí atá foilsithe aici, dar teideal *Palestine in Israeli school books: Ideology and propaganda in education*, dírítear aird ar oideachas atá á chur ar fáil i scoileanna Iosrael ina ndealraíonn sé go bhfuil claonadh i dtreo an chiníochais ann seachas i dtreo na caoinfhulaingthe agus na héagsúlachta. Tá sí tar éis ceannairí an domhain a cháineadh go láidir, lena n-áirítear George Bush, Tony Blair agus Ariel Sharon as "scéin roimh na Moslamaigh a chur ina gcuid saoránach faoi seach".

Is comhthionscnóir de Bhinse Russell í Nurit Peled-Elhanan, arb é atá ann ná binse idirnáisiúnta an phobail a bunaíodh sa bhliain 2009 chun scagadh a dhéanamh ar ról agus ar chomhpháirteachas tríú páirtithe sna sáruithe ar an dlí idirnáisiúnta a rinne Iosrael i gcoinne mhuintir na Palaistíne.

Tá sí i mbun chearta na bPalaistíneach a chosaint agus spreagann sí tacaíocht don fheachtas baghcait, dífheistithe agus smachtbhannaí in aghaidh Iosrael go dtí go gcomhlíonfaidh sé an dlí idirnáisiúnta agus go n-urramóidh sé cearta na bPalaistíneach.

Tá Peled thar a bheith glórach ina cosaint ar leanaí Palaistíneacha agus ar a gceart chun oideachais agus bhí sí go mór ar a son ag imeachtaí de Líonra Dhuais Sakharov agus i gcruinnithe le Parlaimint na hEorpa, lena n-áirítear in Iarúsailéim. I ndiaidh Chogadh Gaza 2014, chuir Paled, in óráid phaiseanta agus mhothúchánach a thug sí uaithi ag éisteacht fhochoiste um chearta an duine maidir le staid na leanaí i gcoinbhleachtaí armtha, i leith Iosrael go raibh uileloscadh á dhéanamh aige ar na Palaistínigh in Gaza.

I dteannta a comhbhuaiteoirí de Dhuais Sakharov Salima Ghezali agus Taslima Nasreen, d'fhoilsigh Peled tuairim freisin a d'iarr ar "cheannairí agus ar ionadaithe AE an tÚdarás Palaistíneach a spreagadh go gníomhach agus go hoscailte a bheith ina gcomhaltaí de ICC".



Is é DOM ZACARIAS KAMWENHO Ard-Easpag Emeritus Lubango in Angóla agus gníomhaí síochána a raibh ról lárnach aige sa phróiseas síochána ba chúis le deireadh Chogadh Cathartha Angóla in 2002.

Rugadh in Chimbundo sa bhliain 1934 é, oirníodh é mar shagart Caitliceach Rómhánach sa bhliain 1961, agus rinneadh Ard-Easpag Lubango de sa bhliain 1995.

Bhí Kamwenho ar thús cadhnaíochta ar ghluaiseacht a rinne, faoi na 1990í déanacha, trína iarrachtaí agus iarrachtaí ceannairí eile eaglasta agus den tsochaí shibhialta, feasacht mhéadaitheach maidir leis an ngá comhrac don tsíocháin agus do chearta an duine agus "athmhuintearas náisiúnta cuimsitheach" a spreagadh i measc phobal Angóla.


Bhí sé ina uachtarán ar an gCoiste Idir-Eaglaise um Shíocháin a bunaíodh in Angóla sa bhliain 2000. Thug an comhlacht éacúiméineach le chéile Comhdháil Chaitliceach Easpagóideach Angola agus São Tomé, a raibh sé ina chathaoirleach uirthi chomh maith, agus Comhaontas Soiscéalach Angóla agus Comhairle Eaglaisí Críostaí Angóla.

Rinne Kamwenho idirghabháil idir na dreamanna a bhí i mbun cogaíochta ar feadh 27 mbliana chun síocháin a thabhairt ar ais do thír a bhí stollta ag coinbhleachtaí tréimhsiúla ar bhonn eithneach agus idé-eolaíoch. Bhí sé sin ina áit chatha ionadach don Chogadh Fuar ina raibh mór-rannpháirtíocht ag Cúba, an Afraic Theas, APSS agus ag SAM. Is é a bhí mar thoradh ar na cogaí sin gur fágadh leathmhilliún duine marbh agus na milliúin easáitithe, bonneagar Angóla scriosta agus mórdhíobháil déanta dá gheilleagar agus dá institiúidí.

Agus Duais Sakharov á bronnadh air sa bhliain 2001, d'aithin Parlaimint na hEorpa guth daingean neamhchlaonta agus leanúnach le haghaidh síochána, daonlathais agus chearta an duine d'Angóla fad a bhí an Ghluaiseacht Pobail um Shaoirse Angóla (MPLA) agus an Ceardchumann Náisiúnta reibiliúnach um Neamhspleáchas Iomlán Angóla (UNITA) á cháineadh go láidir aige, agus idirghabháil á déanamh eatarthu chun deireadh a chur leis an gcogadh cathartha a d'fhulaing Angóla ón uair a fuair sé neamhspleáchas ón bPortaingéil i 1975.

Tugtar creidiúint do Kamwenho agus do cheannairí eile creidimh agus sibhialta as an sos comhraic a thabhairt isteach in 2002 agus as na cainteanna síochána a lean é. Sa bhliain 2003, d'éirigh an tArd-Easpag Kamwenho as an gcathaoirleacht ar Chomhdháil Easpagóideach Angóla agus São Tomé ach lean sé air ag obair go gníomhach trína dheoise agus tríd an gCoiste Éacúiméineach um Shíocháin in Angóla ar son thabhairt i gcrích an daonlathais, urraim do chearta bunúsacha agus do chearta an duine, cur chun feidhme an smachta reachta agus athmhuintearas náisiúnta buan.

In 2009, tar éis dó an aois scoir 75 bliana a bhaint amach, ceapadh Kamwenho mar Ard-Easpag Emeritus. Leanann sé air de bheith ag obair ina phobal, agus aghaidh á tabhairt aige ar éilliú, ar easpa luachanna eiticiúla agus ar dhúshláin eile a eascraíonn ó dhrochiarsmaí an chogaidh, agus glacann sé páirt i gComhdhálacha Líonra Dhuais Sakharov.



Ba thionscnamh ó na saoránaigh in aghaidh na sceimhilitheoireachta agus an fhoréigin pholaitiúil i dTír na mBascach é *¡BASTA YA!*. Is iad intleachtóirí, gníomhaithe um chearta an duine agus gníomhaithe polaitiúla, ceardchumannaigh agus ionadaithe eile ón tsochaí shibhialta a bhunaigh é i 1999.

Ba fhithghníomhú é *¡BASTA YA!*, arb é an t-aistriú atá air ná "Is Leor sin", ar sceimhlitheoireacht an ghrúpa sceimhlitheoireachta Bhascaigh ETA agus ar an mbagairt ar shaoirsí sibhialta bunúsacha agus ar chearta an duine, i gcás saoránaigh "neamh-náisiúnacha" go háirithe, a bhí in ETA agus i bpáirtithe eile a bhí níos measartha ach a bhí ag éirí níos náisiúnaí agus níos seineafóibí.

Tháinig comhaltaí *¡BASTA YA!* ó chúlraí idé-eolaíocha éagsúla, ach ghabh siad uile orthu féin cur i gcoinne sceimhlitheoireacht d'aon sórt, tacú le híospartaigh uile na sceimhlitheoireachta agus an fhornirt pholaitiúil agus riail an dlí, Bunreacht na Spáinne agus féinriail Thír na mBascach a chosaint.

Bhí tacaíocht gan réamhshampla ar fud an náisiúin ag *¡BASTA YA!* i 1999 agus in 2000 de réir mar a bhí uafás i measc an phobail ag fás in aghaidh ETA. Ag an bpointe sin bhí na céadta duine maraithe in áiteanna éagsúla sa Spáinn ag ETA, agus rinne siad géarleanúint ar na mílte duine ar fud Thír na mBascach trí imeaglú, trí shracadh, trí dhúmháil agus trí ionsaithe, lena n-áirítear ar theaghlaigh agus ar mhaoin.


Bhí an ghluaiseacht i gcoinne gach cineáil náisiúnachais agus cháin sé freisin údaráis Thír na mBascach mar gheall ar bheartais náisiúnacha agus ar reitric. Thug *¡BASTA YA!* slua mór de na mílte duine ar shráideanna San Sebastian agus iarradh in dhá agóid mhóra in 2000 ar bheartais leormhaithe a chur ar fáil chun an bua a fháil ar an sceimhlitheoireacht agus chun an bunreacht a urramú.

Thug Parlaimint na hEorpa aitheantas do *¡BASTA YA!* an bhliain chéanna sin dá fheachtasaíocht do chearta an duine, don daonlathas agus don chaoinfhulaingt i dTír na mBascach. Ba é *¡BASTA YA!* an chéad agus go dtí seo an t-aon bhuaiteoir de Dhuais Sakharov laistigh de theorainneacha an Aontais Eorpaigh.

Leis an duais sin, ní hamháin gur tugadh aitheantas do *¡BASTA YA!* dá chuid oibre, ach tosaíodh ar an bhfadhb sceimhlitheoireachta a phlé mar fhadhb Eorpach agus ní mar fhadhb Spáinneach amháin. Fuair *¡BASTA YA!* tacaíocht ó eagraíochtaí idirnáisiúnta um chearta an duine agus chuir tíortha eile ETA ar liosta mar ghrúpa sceimhlitheoirí.

Le blianta beaga anuas, tá athrú tagtha ar an gcineál eagraíochta atá i *¡BASTA YA!* de réir mar a tháinig athrú ar an scéal sa Spáinn agus scor cinntitheach dá chuid gníomhaíochtaí armtha á fhógairt ag ETA in 2011.

Bhunaigh ceannairí *¡BASTA YA!*, lena n-áirítear Fernando Savater, a rinne ionadaíocht air ag Parlaimint na hEorpa ag comhdhálacha líonra Sakharov, an páirtí polaitiúil *Unión Progreso y Democracia*. Ba í Rosa Díez a bhí i gceannas ar an bpáirtí, agus bhí i measc a cuid beartas tacaíocht a thabhairt d'aontacht na Spáinne. Bhí sé ar an gceathrú páirtí is mó i gComhdháil na Spáinne tar éis thoghcháin 2011 agus tá ionadaíocht á déanamh air faoi láthair i bParlaimint na hEorpa. Creideann comhaltaí *¡BASTA YA!* a chuid smaointe agus leanann a spiorad ar aghaidh sa chomhrac do chearta an duine a bhfuil daoine eile anois i gceannas air.



Agus "Mandela Thíomóir" tugtha air, bhí XANANA GUSMÃO[3] i gceannas ar streachailt Thíomóir Thoir ar son saoirse agus féinrialach. Ba é an chéad Uachtarán é ar an gcéad náisiún nua sa chéad seo agus d'fhóin sé freisin mar Phríomh-Aire Thíomór Thoir.

Thosaigh gairmréim pholaitiúil Gusmão le hionchas neamhspleáchais do Thíomóir Thoir óna chumhacht choilíneach, an Phortaingéil, ach thóg sé breis agus scór bliain de dhianstreachailt chun go dtiocfadh Tíomór Thoir ar an saol, mar díreach, roinnt laethanta tar éis aistarraingt Phortaingéileach a bheith ann i 1975, d'ionsaigh an Indinéis an tír agus bhrúigh siad lucht friotaíochta le teann fornirt. Fuair thart ar 200 000 duine bás san fhoréigean a lean an t-ionradh, ach sheas an pobal an fód i gcoinne na hIndinéise.

Agus é aitheanta óna *nom de guerre* Kay Rala, chuaigh Gusmão isteach sa Fhronta Réabhlóideach le haghaidh Tíomór Thoir Neamhspleách (FRETLIN) agus cheap a chéad chomhdháil náisiúnta é mar cheannaire den lucht frithbheartaíochta agus mar ardcheannasaí ar Fhórsaí Armtha um Shaoradh Náisiúnta Thíomór Thoir (FALINTIL).

Mar cheannaire ar an lucht frithbheartaíochta, chum Gusmão plean aontachta náisiúnta agus chuir sé i bhfeidhm é. Ba é an toradh rathúil air sin gur bunaíodh an Chomhairle Náisiúnta um Fhrithbheartaíocht Náisiúnta (CNRT), comhairle inar éirigh le Gusmão na grúpaí polaitiúla agus sóisialta éagsúla a thabhairt le chéile.

Rinne fórsaí na hIndinéise príosúnach de Gusmão i 1992, bliain amháin tar éis aird an domhain a bheith tarraingthe ar shléacht de níos mó ná 250 duine a bhí ag glacadh páirte i mórshiúl cuimhneacháin in Dili. Cuireadh é i bpríosún ar chúiseanna scarúnachais san Indinéis, áit a ndearna sé stáidéar ar Bahasa Indinéise, teanga oifigiúil na hindinéise, Béarla agus dlí. Scríobh sé filíocht freisin agus phéinteáil sé saothair ealaíne a díoladh chun an Lucht Frithbheartaíochta ar lean sé de bheith ina cheannasaí air a mhaoiniú.

In éineacht lena Leas-Uachtarán in CNRT, Jose Raomos Horta, d'fhéach Xanana Gusmão le réiteach síochánta a fháil ar an gcoinbhleacht trí phlean síochána a chruthú inar áiríodh reifreann NA-mhaoirsithe faoi thodhchaí Thíomór Thoir. Thug roinnt pearsantachtaí mór le rá cuairt air sa phríosún, lena n-áirítear Uachtarán na hAfraice Theas Nelson Mandela agus ionadaithe NA agus SAM, ós rud é go raibh sé fós ríthábhachtach chun críoch a chur leis an gcogadh san Indinéis.


Bhí Gusmão díreach scaoilte ón bpríosún tar éis brú idirnáisiúnta ollmhór, tar éis dó 7 mbliana as téarma príosúin 20 bliain a chur isteach nuair a bhronn Parlaimint na hEorpa Duais Sakharov air i 1999. Aitheantas ab ea é sin ar é a bheith mar cheannaire ar lucht frithbheartaíochta Thíomór agus siombail de throid a phobail ar son na saoirse.

Nuair a scaoileadh saor é go gairid tar éis reifreann NA-urraithe an 30 Lúnasa, inar vótáil 80 % de phobal Tíomóir Thoir le haghaidh neamhspleáchais, rud a bhí ina chomhartha le deireadh a chur le forghabháil na hIndinéise agus le tús an phróisis idirthréimhsigh faoi stiúir NA, gheall Gusmão "gach ar féidir liom a dhéanamh chun an tsíocháin a thabhairt do Thíomór Thoir agus do mo phobal".

[3] D'athraigh Xanana Gusmão a ainm go dleathach ó Jose Alexandre Gusmão go Kay Rala Xanana Gusmão. Ba é Kay Rala a *nom de guerre* le linn an chomhraic ar son shaoirse agus fhéinchinntiúchán Thíomór Thoir agus Xanana an t-ainm a bhíodh air ina óige.

In Aibreán 2002, bhuaigh Gusmão na chéad saorthoghcháin uachtaránachta i dTíomór Thoir le tacaíocht ollmhór ón bpobal. Rinne Kofi Annan, a bhí ina Ard-Rúnaí ar na Náisiún Aontaithe an uair sin, Poblacht Dhaonlathach Thíomór Thoir a fhógairt go hoifigiúil mar stát neamhspleách an 20 Bealtaine 2002 agus bhí Gusmão ina Uachtarán go dtí Bealtaine 2007. Sa bhliain 2008, agus é ag fónamh mar Phríomh-Aire, tháinig sé slán as iarracht a rinneadh é a fheallmharú. D'éirigh sé as an bpríomh-aireacht i bhFeabhra 2015 ós rud é gur mhian leis spás a dhéanamh do ghlúin de cheannairí níos óige agus tá sé ag fónamh faoi láthair mar Aire Pleanála agus Infheistíochta Straitéisí.

Bhí sé páirteach le Parlaimint na hEorpa i Líonra Dhuais Sakharov.



Scríbhneoir, acadóir agus polaiteoir ab ea IBRAHIM RUGOVA (1944-2006) a bhí tiomanta do throid shíochánta do neamhspleáchas na nAlbánach eitneach sa Chosaiv. D'fhóin sé mar an gcéad Uachtarán ar an gCosaiv.

Rugadh é in Cerrca, an Chosaiv, a bhí san Iúgslaiv an uair sin agus rinne sé staidéar i bPristine agus ag an Sorbonne. Mhúin sé litríocht agus bhí sé ina údar ar 10 leabhar agus bhí sé ina uachtarán ar Aontas Scríbhneoirí na Cosaive. Bhí sé sin i gcroílár an fhreasúra Albanaigh eitnigh a bhí ag fás i gcoinne riail na Seirbeach sa Chosaiv. I 1989, bhunaigh sé Conradh Dhaonlathach na Cosaive, an chéad pháirtí polaitiúil chun dúshlán an réimis pholaitiúil a thabhairt go díreach nuair a rinne ceannaire na hÍugslaive, Slobodan Milosevic, stádas réigiúin uathrialaigh na Cosaive a chúlghairm agus riail Sheirbeach a fhorchur. In ainneoin cos ar bolg a bhí ag méadú, bhí Rugova i gceannas ar an ngluaiseacht pholaitiúil a d'fhógair Poblacht na Cosaive, mar a thug an ghluaiseacht uirthi. Toghadh é ina Uachtarán i 1992 ar phoblacht nár aithin ach an Albáin. In ainneoin na cniogbheartaíochta Seirbí ina dhiaidh sin, sheol sé córas oideachais, ospidéil agus cánachas don phobal Albánach eithneach sa Chosaiv, córas a bhí comhthreomhar leis an gcóras Seirbeach.


Breathnaíodh ar an bpolaiteoir séimh a raibh an scairf shíoda mar shaintréith aige mar aghaidh intleachtúil mheasartha an fhreasúra Albánaigh le réimeas na Béalgráide trí na 1990í. Fuair sé an dara téarma mar uachtarán, i 1998, fiú agus dlús á chur leis an gcoinbhleacht armtha idir na haonaid Sheirbeacha agus an tArm um Shaoradh na Cosaive (KLA), gluaiseacht threallchogaíocha Albánach, rud a spreag mórchniogbheartaíocht Iúgslavach.

Mheas Rugova, agus Duais Sakharov, ar thug Parlaimint na hEorpa dó é i 1998, á ghlacadh aige mar fhear tiomanta do phrionsabal na frithbheartaíochta síochánta gurb é a bhí ann "domsa agus do na daoine go léir sa Chosaiv aitheantas dár dtroid shíochánta agus dár n-íobairtí".

D'fhan sé go buanseasmhach i gcoinne an réimis Sheirbigh, agus dúirt sé arís agus arís eile é a bheith toilteanach dul i mbun cainteanna le Béalgráid, rud a chur in árach le Adem Demaçi, a bhí níos náisiúnaí, agus arbh é a phríomhchéile comhraic é. Rinne "Gandhi na mBalcán" iarracht tacaíocht dhomhanda a fháil fad a bhí sé ag tathant ar an bpobal idirnáisiúnta cosaint a thabhairt don Chosaiv.

Rinne Rugova mar cheannaire ar chaibidleoirí na Cosaive comhaontú síochána Rambouillet, a ndearnadh bróicéireacht idirnáisiúnta air a shíniú an 18 Márta 1999, agus ba é an toradh ar eiteachas Bhéalgrád an comhaontú a fhormhuiniú gur chuir ECAT tús le hionsaithe buamála. Nuair a tháinig an Chosaiv faoi riarachán na Náisiún Aontaithe, tháinig Rugova, a raibh tamall caite aige san Iodáil, ar ais chuig polaitíocht na Cosaive. Roinn sé cumhacht le ceannairí KLA a bhí ag an bpointe sin i gceannas ar an bPáirtí Daonlathach. In 2002, ceapadh Rugova arís ina uachtarán agus d'fhóin sé go dtí go bhfuair sé bás ó ailse scamhóg díreach roinnt laethanta roimh an am a raibh sé ceaptha tús a chur leis na caibidlíochtaí maidir le stádas deiridh na Cosaive.

I dtuairim mórán daoine, ba é "athair an náisiúin" é.



Is iriseoir, scríbhneoir agus gníomhaíoch Ailgéarach ar son chearta na mban agus an daonlathais san Ailgéar í SALIMA GHEZALI. Cháin idir an rialtas agus na hIoslamaithe a seasamh síochánta misniúil, agus dhún na húdaráis síos an nuachtán Ailgéarach seachtainiúil, *La Nation*, a raibh sí ina príomheagarthóir air.

Agus í faoi láthair ina huachtarán ar an gCumann le haghaidh Shaoirse na mBan, bhí baint ag Ghesali le gluaiseacht na mban san Ailgéir sna 1980í agus, bhí sí ar dhuine de na comhaltaí a bhunaigh Mná na hEorpa agus na Magraibe agus bhí sí ina príomheagarthóir ar *NYSSA*, an foilseachán do mhná a chuir sí féin ar bun.

Múinteoir a d’iompaigh ina hiriseoir, ceapadh í ina heagarthóir ar an nuachtán Fraincise *La Nation*, an nuachtán seachtainiúil is mó léamh san Ailgéir. Go dtí gur dúnadh é i 1996, ba é *La Nation* an t-aon pháipéar a cháineadh an rialtas agus na grúpaí Ioslamacha agus a bhí i bhfách le hidirphlé polaitiúil, cearta an duine agus saoirse cainte do gach taobh a bhí gafa sa choinbhleacht — thosaigh cogadh cathartha 11 bhliain i 1991 tar éis na chéad toghchán ilpháirtí san Ailgéir ón neamhspleáchas ar aghaidh a chur ar ceal mar gheall ar an imní go bhfaighfí bua Ioslámach — rud ba chúis le beatha na mílte duine a chailliúint.

Bhí Ghezali ina cuid de phobal chearta an duine “a samhlaíodh a bheith beag agus gan chumhacht” san Ailgéir nuair a d’aithin Parlaimint na hEorpa a cosaint mhisniúil ar shaoirse cainte agus a saothar ar son chearta na mban i bParlaimint na hEorpa i 1997. Agus Duais Sakharov á glacadh aici, dhírigh Ghezali aird ar an gcruachás san Ailgéir tar éis blianta de chogadh a bheith ann, agus na mílte fear, bean agus leanbh faoi eagla “mar go séanann sceimhle dhúbailte an chéad saoirse, an tsaoirse a bheith beo”.

Thosaigh Ghezali ag foilsiú *La Nation* ar líne arís in 2011 nuair a chroith múscailt Earrach na nArabach na tíortha comharsantachta, mar scríobh sí “ní féidir linn a bheith ar nós cuma liom faoi dhinimicí na ndaoine óga sa domhan Arabach atá ag troid ar son a ndínite agus a saoirse. Ní féidir linn neamhaird a thabhairt ar an méid atá ag dul ar aghaidh inár dtír.

Is mian linn go mbeidh muintir na hAilgéire sona sásta toisc go bhfuil an méid sin tuillte acu. Teastaíonn institiúidí láidre, acmhainní daonna níos fearr i bhfíordhaonlathas agus an riail dlí uainn”. Ó 2000, tá Ghezali gafa sa pholataíocht mar chomhalta *Frontes des Forces Socialistes* (FFS, Fronta Fórsaí Sóisialacha) agus mar chomhairleoir do cheannaire stairiúil FFS Hocine Aït Ahmed. I dteannta a comhbhuaiteoirí de Dhuais Sakharov Nurit Peled agus Taslima Nasreen, d’fhoilsigh sí tuairim freisin a d’iarr ar “cheannairí agus ar ionadaithe AE an tÚdarás Palaistíneach a spreagadh go gníomhach agus go hoscailte a bheith ina chomhaltaí de ICC”.

Tá Salima Ghezali gafa leis an bParlaimint agus leis an líonra i gcosaint chearta an duine, go háirithe saoirse cainte.



Tá WEI JINGSHENG, "athair ghluaiseacht daonlathais na Síne", ar deoraíocht ach is ceannaire gníomhach fós é ar na daoine atá i gcoinne an réimis chumannaigh sa tSín.

Is é Wei an t-údar ar *The courage to stand alone: letters from prison and other writings*, ailt a scríobh sé ar dtús ar pháipéar leithris agus é i bpríosún, agus ailt atá foilsithe i mbreis agus dosaen teangacha anois.




Gearradh príosúnacht air faoi dhó ar feadh 29 mbliana ar an iomlán agus chaith sé os cionn 18 mbliana i bpríosún mar gheall ar a chuid gníomhaíochtaí agus scríbhneoireachta, lena n-áirítear a aiste cheannródaíoch *The fifth modernization: democracy*, a scríobh sé sa bhliain 1978. Ba é a bhí san aiste sin ar dtús ná póstaer balla sínithe ar Bhalla an Daonlathais i mBéising, balla ar ar nocht oibrithe, ealaíontóirí agus an t-aos eagna a dtuairimí. Bhí aiste Wei go mór i mbéal an phobail, ní hamháin toisc gur ionsaíodh "daon-deachtóireacht dhaonlathach" na gCumannaithe ann ach toisc go raibh sé de mhisneach aige a fhíorainm agus a shonraí teagmhála a shíniú air.

In *Exploration*, iris faoi cheilt a bhunaigh Wei agus a chuir sé in eagar, scríobh sé *Democracy or a new dictatorship*? i 1979 inar shainaithin sé Deng Xiaoping, an ceannaire Cumannach an tráth sin mar an deachtóir nua. Gabhadh Wei roinnt laethanta ina dhiaidh sin, ciontaíodh é i "bhfrithréabhlóid" agus gearradh téarma príosúnachta 15 bliana air. Bhí sé ar shraith an bháis, i ngaibhniú aonair ina dhiaidh sin, agus i gcampaí saothair éignithe faoi mhaoirseacht dhaingean ina dhiaidh sin go dtí 1993, nuair a scaoileadh saor é toisc go raibh cinneadh déanta ag an tSín cur isteach ar Chluichí Oilimpeacha na bliana 2000.

Gabhadh Wei an dara huair laistigh de 6 mhí ó bheith scaoilte saor, ciontaíodh é i "bhfrithréabhlóid" agus gearradh pianbhreith 14 bliana breise air.

Nuair a bronnadh Duais Sakharov air sa bhliain 1996 bhí sé fós i bpríosún. Sa bhliain 1997, tar éis brú mór millteach a bheith curtha ar an tSín, lena n-áirítear ó Uachtarán SAM, Bill Clinton, tógadh Wei óna chillín agus díbríodh go pras ar eitleán chuig na Stáit Aontaithe é. Áitíonn sé nár scaoileadh saor é, ach gurb amhlaidh gur tuilleadh pionóis atá ina chuid deoraíochta. Tá Wei i gceannas ar Fhondúireacht Wei Jinsheng, ar Chomhghuaillíocht Eachtrach an Daonlathais Shínigh agus ar Chomhaontas Daonlathach na hÁise agus cónaí air in Washington, agus leanann sé de bheith ina ghuth láidir ar son an daonlathais agus ar son chearta an duine sa tSín.

Tá sé tar éis baint ghníomhach aige i gcomhdhálacha Líonra Dhuais Sakharov, lena n-áitítear tacaíocht Eorpach agus idirnáisiúnta i gcomhair shaoradh cosantóirí ar chearta an duine atá i bpríosún sa tSín.

Ba í LEYLA ZANA sa bhliain 1991 an chéad bhean Choirdíneach a toghadh i bparlaimint na Tuirce, agus ina dhiaidh sin chaith sí os cionn 10 mbliana sa phríosún mar gheall ar a gníomhaíochas polaitiúil ar son na gCoirdíneach. I Meitheamh 2015, rinne sí stair mar chomhalta den chéad pháirtí polaitiúil ar son na gCoirdíneach chun ionadaíocht a fháil i gcomhthionól na Tuirce, páirtí ag a raibh clár oibre na síochána agus cuimsiú mionlach. Bhí sí ceaptha a bheith ag seasamh don toghchán arís i mí na Samhna 2015 nuair a bhí toghcháin nua ann de bhrí nár cuireadh rialtas le chéile laistigh den am a bhí leagtha síos.

Rugadh í i 1961, agus í 14 bliana phós sí méara Diyarbakir, Mehdi Zana, a ndearnadh príosúnach polaitiúil de le linn na rialach míleata sna 1980í. Cuireadh Zana i bpríosún ar feadh 2 mhí nuair a bhí sí i gceannas ar agóid de theaghlaigh príosúnach ar cuireadh toirmeasc orthu cuairt a thabhairt ar a ngaolta sa phríosún. D'fhoghlaim sí Tuircis i rith an ama sin agus do na cuairteanna ar a fear céile ós rud é gur thug na fórsaí slándála léasadh do dhaoine as Coirdis a labhairt. Thosaigh sí a scolaíocht ag aois a 23 bliana ghnóthaigh sí dioplómaí bunscoile agus meánscoile laistigh de 3 bliana agus ghabh sí uirthi féin ról ceannaireachta gan é a iarraidh.

Agus í tofa le tromlach mór chuig tionól na Tuirce i 1991, nuair ba choir fós é an Choirdis a labhairt sa réimse poiblí, dúirt sí i gCoirdis ina searmanas insealbhaithe: "Glacaim an mionn seo don bhráithreachas idir an pobal Turcach agus an pobal Coirdíneach". Baineadh a díolúine pharlaiminteach di as an rud sin a dhéanamh, agus i 1994 gearradh téarma príosúnachta 15 bliana uirthi as "tréas agus a bheith ina comhalta de Pháirtí Oibrithe na Cordastáine (PKK)". Agus a pianbhreith á gearradh, dhearbhaigh Zana: "Ní ghlacaim le haon cheann de na líomhaintí sin. Agus, dá mba rud é go raibh siad fíor, ghlacfainn freagracht astu, fiú dá gcaillfinn mo bheatha mar gheall air. Tá cosaint déanta agam ar an daonlathas, ar chearta an duine agus ar an mbráithreachas idir daoine. Agus leanfaidh mé orm de bheith á dhéanamh sin fad is beo dom". Roghnaigh an Pharlaimint í do Dhuais Sakharov sa bhliain 1995 mar shiombail ar an troid shíochánta ar son chearta an duine agus ar son dhínit an phobail Choirdínigh.

In 2004, bhí Zana ar deireadh in ann aitheasc a thabhairt os comhair na Parlaiminte tar éis di a bheith scaoilte saor ón bpríosún ar phointe teicniúil mar thoradh ar rialú a fháil ón gCúirt Eorpach um Chearta an Duine agus ar bhrú idirnáisiúnta.

Tugadh cásanna éagsúla in aghaidh Zana ó shin i leith, ach níor chaith sí breis ama sa phríosún. In 2014, chinn Cúirt Uachtarach na nAchomharc fianaise faoi chomhaltacht Zana i PKK "dochreidte".

Sa bhliain 2009, cuireadh toirmeasc 5 bliana uirthi dul isteach in aon pháirtí polaitiúil, ach mar sin féin atoghadh í mar neamhspleách in 2011. Nuair a bhí a toirmeasc ag dul in éag in 2014, chuaigh sí isteach i bPáirtí Daonlathach na bPobal (HDP) páirtí ar éirigh leis i dtoghcháin Mheitheamh 2015 a bheith ar an gcéad pháirtí ar son na gCoirdíneach chun an tairseach 10 % le haghaidh ionadaíocht pharlaiminteach a shárú.

Bhí Zana rannpháirteach go gníomhach sna caibidlíochtaí síochána arb é an toradh a bhí orthu, in 2013, go ndearna ceannaire PKK, Abdullah Öcalan, a ghlaoch stairiúil ar PKK iompú ó fhrithbheartaíocht armtha go dtí coimhlint pholaitiúil dhaonlathach tar éis 30 bliain de choinbhleacht. Nuair a thit an sos comhraic as a chéile le linn an fheachtais toghchánaíochta in 2015, d'impigh Zana ar chách deireadh a chur leis an marú.

Bíonn Leyla Zana rannpháirteach go gníomhach le Parlaimint na hEorpa agus le Líonra Dhuais Sakharov.



D'athlonnaigh an scríbhneoir Banglaidéiseach TASLIMA NASREEN go dtí na Stáit Aontaithe in 2015 tar éis bagairtí báis a fháil ó antoiscigh Al-Qaeda a raibh baint acu le marú brúidiúil an triúr blagairí tuata sa Bhanglaidéis faoi chéad leath 2015.

Bhí sí ina cónaí ar deoraíocht san India roimh an aistriú sin. Chuir antoiscigh reiligiúnda an ruaig uirthi óna tír mar gheall ar a cuid scríbhneoireachta agus ar a tuairimí tuata.

Rugadh Taslima Nasreen sa Bhanglaidéis sa bhliain 1962 agus chuaigh sí i mbun an phinn nuair a bhí sí 13 bliana d'aois. Tá clú agus cáil uirthi as a saothair chumhachtacha faoi ghéarleanúint na mban agus as an gcáineadh gan ghéilleadh a dhéanann sí ar an reiligiún, cé go bhfuil sí díbeartha agus gur eisíodh roinnt fatwa inar éilíodh go gcuirfí chun báis í. Is údar í a bhfuil go leor duaiseanna buaite aici agus tá a cuid saothar aistrithe go 30 teanga éagsúil.

Is lia, daonnachaí saolta agus gníomhaíoch ar son chearta an duine í Nasreen, agus airíonn sí gur Beangálach go smior í. Mar gheall ar a cuid smaointe agus tuairimí, áfach, tá toirmeasc curtha ar chuid dá cuid leabhar sa Bhanglaidéis, agus níl aon chead aici dul go Beangál. Sula ndeachaigh sí go dtí na Stáit Aontaithe, bhí sí ina cónaí i nDeilí Nua toisc gur chuir fatwa a d'eisigh cléir Kolkata in 2011 an ruaig uirthi freisin ón gcuid d'Iarthar Beangál san India, áit a mheasann sí a bheith mar a dara baile.

Nuair a bhuaigh sí Duais Sakharov sa bhliain 1994, bhí dídean lorgtha cheana aici san Eoraip, agus bhí sí tar éis a bheith ar deoraíocht sa Fhrainc agus sa tSualainn. Ina hóráid agus í ag glacadh leis an Duais, dúirt sí gur tháinig sí ó chearn den domhan nach bhféadfaí cur suas leis an teannas sóisialta agus na fadhbanna daonna ann, agus mar scríbhneoir nach bhféadfadh sí neamhshuim a dhéanamh den fhulaingt agus den ocras laethúil.

Feachtasóir i gcoinne antoisceacht i ngach reiligiún, bhí Nasreen rannpháirteach leis an bParlaimint agus le Líonra Dhuais Sakharov maidir le saoirse cainte agus creidimh, agus d'áitigh sí tacaíocht a thabhairt do na gluaiseachtaí tuata sa Bhanglaidéis chun cur i gcoinne bunúsachas Ioslamach. I dteannta a comhbhuaiteoirí de Dhuais Sakharov Nurit Peled agus Salima Ghezali, d'fhoilsigh Nasreen tuairim freisin a d'iarr ar "cheannairí agus ar ionadaithe AE an tÚdarás Palaistíneach a spreagadh go gníomhach agus go hoscailte a bheith ina chomhalta de ICC".

In 2015, scríobh sí go poiblí faoin ngá atá le hathchóiriú agus nuachóiriú a dhéanamh ar Ioslam i ndiaidh ionsaithe *Charlie Hebdo* i bPáras. Dúirt Nasreen nach ndéanfaidh "na prionsabail a bhaineann le saoirse cainte aon mhaitheas astu féin. Ní mór a fhios a bheith ag duine cén mantra a spreagann sceimhlitheoirí agus a thugann orthu dul i mbun comhraic. Tá sé tábhachtach stop a chur le síolteagasc leanaí a bhfuil creideamh reiligiúnach neamhréasúnta acu sa bhaile nó in institiúidí ar nós madrassanna agus moscanna".



**1993**
OSLOBODJENJE

Is nuachtán laethúil Boisniach é OSLOBODJENJE. Saoirse is brí leis an teideal agus bhí sé ina chóras teachtaireachta do na daoine a bhí gafa i léigear Sarajevo idir 1992 agus 1996, le linn an chogaidh san iar-Iúgslaiv, agus d'éirigh leo é a chur i gcló gach uile lá ach amháin aon lá amháin.

Bhí idir Bhoisniaigh, Sheirbiaigh ón mBoisnia agus Chrótaigh ón mBoisnia fostaithe ag *Oslobodjenje*. Níor fhág aon duine acu an nuachtán nuair a bhris an cogadh amach, cé gur tugadh an deis dóibh. D'fhan siad agus throid siad chun aontacht agus éagsúlacht eitneach a gcathrach agus a dtíre a choimeád, rud a bhréagnaigh bolscaireacht na Seirbia Móire nach bhféadfadh Seirbiaigh, Crótaigh agus Moslamaigh maireachtáil le chéile faoi shíocháin.

Faoi dheireadh an chogaidh maraíodh cúigear den 75 iriseoir chróga a chuir a saol i mbaol ar bhonn laethúil agus goineadh 25 acu. D'fhulaing gach duine acu tragóid phearsanta, lena n-áirítear bás na ndaoine ab ansa leo. Ba chosrach leo an marú a chonaic siad ar bhonn laethúil.

Scriosadh oifigí *Oslobodjenje*, a bhí suite i gceann de na láithreacha cogaidh ba chontúirtí i Sairéavó. Bhog foireann an nuachtáin isteach i bhfothain buamaí, áit ar sheiftigh siad gineadóirí cumhachta as sean-innill Lada agus thrasnaigh siad "Caolsráid an Naoscaire" chun dul ar obair gach lá, cé go raibh na gunnadóirí chomh cóngarach sin go bhféadfaí iad a chloisteáil ag caint agus ag canadh.

"Bhí gach a ndearnamar dírithe ar an mBoisnia agus an Heirseagaivéin a choinneáil ón díothú agus ón gcríochdheighilt, nó fiú ón mbaol go nglanfaí go hiomlán den léarscáil í", a dúirt Zlatko Disdarević, duine de na heagarthóirí ag an am.

Ba shamhailchomhartha dá bhfrithbheartaíocht é a gcuid oibre laethúil d'fhoireann *Oslobodjenje*. Thug na hiriseoirí amach na nuachtáin nuair a cheap na tiománaithe go raibh sé róchontúirteach, agus nuair a dódh líonra 700 both díolacháin de chuid *Oslobodjenje* go talamh, gearradh agus seoladh mar fhacs na leathnaigh nuachta agus greamaíodh le chéile arís iad le go bhféadfadh saoránaigh i gcathracha réabtha eile amhail Mostar iad a léamh.

D'ainmnigh an *World press review* foireann *Oslobodjenje* mar Eagarthóirí Idirnáisiúnta na Bliana le haghaidh 1993 as "a gcuid crógachta, buanseasmhachta, agus as a gcuid díograise do phrionsabail na hiriseoireachta". Bhuaigh siad roinnt dámhachtainí eile iriseoireachta ina dhiaidh sin. Sa bhliain 2006 fuair dhá cheann de na gnólachtaí is mó sa chathair seilbh ar an nuachtán, agus fógraíonn an láithreán gréasáin anois go bhfuil an eagraíocht "tiomanta go dlúth don tsaoirse agus don cheartas i gcónaí" cé go bhfuil sí athruithe go mór.

Ba í an t-eagarthóir Vildana Selimbegovic ionadaí *Oslobodjenje* ag comhdháil Líonra Dhuais Sakharov na bliana 2013. Ba dhuine den fhoireann nuachtáin í le linn an chogaidh agus cé gur imir an cogadh tionchar uirthi, tá sí tiomanta dá cuid oibre go fóill.





**1992**
*LAS MADRES DE PLAZA DE MAYO*

Tháinig LAS MADRES DE PLAZA DE MAYO ar an bhfód mar thoradh ar an gcuardach a rinne máithreacha Airgintíneacha chun teacht ar a leanaí "fuadaithe" le linn Chogadh Salach 1976-1983 nuair a rinne an réimeas míleata na mílte céile iomaíochta polaitiúla a fhuadach, a chéasadh agus a mharú, agus leanaí a rugadh do phríosúnaigh a ghoid agus aon rian dá íospartaigh a scriosadh.

Mná tí neamhpholaitiúla, den chuid is mó ab ea na *Madres*. Ba iad na daoine ba mhó iad a raibh de dhánaíocht iontu agóid a dhéanamh nuair a bhí an deachtóireacht i mbarr a réime, agus spreag siad trialacha a bheith ann do na hoifigigh mhíleata a bhí rannpháirteach, oifigigh a bhfuarthas na céadta díobh ciontach. Seoladh an ghluaiseacht an 30 Aibreán 1977, nuair a rinne 14 mháthair an chéad agóid i *Plaza de Mayo*, os comhair *Casa Rosada* an uachtaráin. Tar éis ordú a thabhairt dóibh scaipeadh, thosaigh máithreacha misniúla de bheith ag siúl go mall lámh i lámh mórthimpeall na cearnóige. Gach seachtain ghlac níos mó máithreacha páirt sna hagóidí de réir mar a fuadaíodh níos mó gníomhaithe ó thaobh na heite clé agus daoine ar cuireadh ina leith go raibh siad ag comhoibriú leo.

Thosaigh na *Madres* lena scairfeanna bána samhailteacha, le grianghraif agus ainmneacha a leanaí fuadaithe agus achainíocha iad a fháil ar ais le haird idirnáisiúnta a tharraingt. Mar sin, chun stop a chur leo, mharaigh an réimeas triúr dá mbunaitheoirí. I Nollaig 1977, rinneadh Azucena Villaflor de Vincenti, Mary Ponce de Bianco agus Esther Ballestrino de Careaga a fhuadach, a chéasadh agus a chaitheamh beo ó eitleán. Rinneadh daoine eile de na *Madres* a bhualadh agus a choinneáil ach lean siad orthu lena bhfrithbheartaíocht shíochánta. Dhírigh na Madres a n-aird ar éileamh ar cheartas le linn do na mí-úsáidí ollmhóra ar chearta an duine, do gheilleagar a bhí ag cúlú go tobann agus do chailliúint Chogadh Oileáin Fháclainne an réimeas míleata a chur de dhroim seoil i 1983.

Tháinig scoilt i *Madres de Plaza de Mayo* i 1986 ina raibh bunaitheoirí sa líne bhunaitheach, a dhírigh ar reachtaíocht agus ar aisghabháil taisí, agus an Cumann, faicsean a bhí ní ba radacaí agus ní ba pholaitiúla a dhiúltaigh bás na leanaí a aithint go dtí gur tugadh na daoine ciontacha os comhair na cúirte.

Bhí an cumann ag cur ina aghaidh dheireadh na dtrialacha go tréan faoin deachtóireacht nuair a thug an Pharlaimint aitheantas do *Madres de Plaza de Mayo* le Duais Sakharov i 1992.

Maidir le Hebe de Bonafini, a toghadh ina ceannaire ar na *Madres* neamhroinnte i 1979, ghlac sí Duais Sakharov do leanaí na Máithreacha "arbh iad na chéad daoine iad a throid ar son na saoirse". Bhain na *Madres* úsáid as sparán na Duaise chun a dtionscnaimh shóisialta éagsúla a mhaoiniú, lena n-áirítear *Universidad Popular Madres de Plaza de Mayo* agus bhí de Bonafini rannnpháirteach i gcomhdháil bhunaitheach Líonra Dhuais Sakharov in 2008.

Tacaíonn an cumann agus an líne bhunaitheach araon le hionchúiseamh na ndaoine a gcuirtear coireanna in aghaidh na daonnachta ina leith. Leanann na *Madres* ar aghaidh lena máirseáil Déardaoin, agus na sluaite dá lucht tacaíochta á dtionclacan, agus leis na ceisteanna atá ann fós faoi chinniúint a gcuid leanaí atá ar iarraidh.



Is siombail é ADEM DEMAÇI ar an troid ar son neamhspleáchas na Cosaive. Agus é rannpháirteach mar cheannaire sinsearach sa pholaitíocht le blianta fada, priosúnach polaitiúil fadtréimhseach ab ea é a chaith 28 mbliana sa phríosún san iomlán as labhairt amach faoin gcaoi ar caitheadh le hAlbánaigh eitneacha agus as an gcumannachas a cháineadh faoin deachtóir Iúgslavach Josip Broz Tito.

Scríbhneoir a rugadh in Priština, an Chosaiv, i 1936, d'fhoilsigh Demaçi a chéad ghearrscéalta nuair a bhí sé fós sa mheánscoil. Rinne sé staidéar ina dhiaidh sin ar litríocht, ar dhlí agus ar oideachas, d'fhoilsigh sé, idir 1953 agus 1958, thart ar 20 gearrscéal agus úrscéal dar teideal *The Snakes of Blood* ina ndéantar mionscrúdú ar fhíocha fola sa Chosaiv agus san Albáin, rud a thug clú agus cáil dó ó thaobh na litríochta. Ba iad scríbhinní Demaçi faoi deara a chéad ghabháil i 1958. Ina dhiaidh sin, suas go dtí 1990, chaith sé cuid mhór dá shaol, idir 1958 agus 1990, i bpríosún toisc gur throid sé ar son chearta bunúsacha na nAlbánach sa Chosaiv, agus toisc go ndearna sé an fhírinne shearbh faoin ngéarleanúint Sheirbiach ar dhá mhilliún Albánach sa Chosaiv a chur i bhfios don saol mór. Thug pobal chearta an duine aithentas dó mar phríosúnach coinsiasa agus tugadh "Mandela na mBalcán" air. Arna scaoileadh saor, ghlac Demaçi le ceannaireacht na Comhairle chun Cearta agus Saoirsí an Duine a Chosaint.

I 1991, bhronn Parlaimint na hEorpa Duais Sakharov air as a ionraiceas agus é ag cur i gcoinne "réimeas ollsmachtach agus éadulangach". Agus an duais á glacadh aige mar ómós do phobal na Cosaive, luaigh Demaçi gurb í "saoirse cainte an chéad chéim ríthábhachtach i dtreo an daonlathais. D'uireasa na saoirse cainte ní ann don phlé, d'uireasa an phlé ní fhéadfar an fhírinne a aimsiú, agus d'uireasa na fírinne ní fhéadfar aon dul chun cinn a dhéanamh".

Thosaigh Demaçisé ag gabháil do shaol na polaitíochta, agus é ag dul le Páirtí Parlaiminteach na Cosaive ar tháinig sé chun bheith ina chathaoirleach air. D'iarr sé freisin go ndéanfaí agóidí oscailte i gcoinne an réimis Sheirbiaigh ar na forais nach ionann neamhfhoiréigean agus neamhghníomhaíocht. Thosaigh sé feachtas agóide infheicthe, ach a bhí neamhfhoiréigneach i gcoinne na rialach Seirbiaí, agus d'iarr sé ar na Cosavaigh seasamh go ciúin ar feadh nóiméad amháin díreach ag an am céanna. Mar cheannaire ar an dara páirtí is mó sa Chosaiv, dhiúltaigh Demaçi seasamh in aghaidh a phríomhchéile comhraic, Ibrahim Rugova, i dtoghcháin faoi choim a bhí sceidealta i 1998. Mheas sé nach raibh sé iomchuí "cluichí polaitiúla a imirt" fad a bhí coinbhleacht armtha ag méadú leis an tSeirbia agus cniogbheartaíocht á déanamh aici ar an gCosaiv.

Chuaigh Demaçi isteach in Arm Saoirse na Cosaive (KLA) mar a ionadaí polaitiúil tar éis dó teacht ar an tuairim nach raibh saoirse á baint amach do phobal na Cosaive ag an neamhfhoiréigean, pobal a mheas sé a raibh sé de cheart acu cur in aghaidh an dianchos ar bolg a bhí á imirt orthu.

D'fhág Demaçi an KLA i 1999 mar agóid i gcoinne a chinnidh freastal ar chainteanna síochána Rambouillet chun críoch a chur leis an gcoinbhleacht leis an tSeirbia. Rinne Demaçi cáineadh ar an margadh a bhí beartaithe toisc gur theip air neamhspleáchas na Cosaive a ráthú.


D'fhan sé sa Chosaiv le linn na coinbhleachta a thosaigh as an nua trí theip ar na cainteanna i 1999, agus cháin sé na ceannairí eile, lena n-áirítear Rugova, as an tír a fhágáil ag am cinniúnach. Chuir Demaçi síos ar an gCosaiv



le linn an chogaidh mar "an príosún is mó san Eoraip". Ghabh na húdaráis Sheirbiacha é féin faoi dhó.

Nuair a bhí an cogadh thart, bhí sé go dúthrachtach ag díriú den chuid is mó ar athmhuintearas eitneach agus filleadh na ndídeanaithe. Ghlac Demaçi le cathaoirleacht an Choiste um Chomhthuiscint, Caoinfhulaingt agus Cómhaireachtáil, ag feidhmiú thar ceann na ngrúpaí eitneacha go léir sa Chosaiv, "mar gheall gur le gach uile dhuine an Chosaiv" agus "gur sochaí shaor, dhaonlathach agus il-eitneach atá uainn". Is ceannaire fós é maidir le tuairimí polaitiúla sa Chosaiv agus é, in 2015, ag áiteamh ar son athrú a bheith ar an gcóras toghchánaíochta sa Chosaiv, agus é sin i gcomhtéacs na gcainteanna a bheith atosaithe idir Pristine agus Béalgrád.

Bhí Demaçi rannpháirteach i gcomhdháil bhunaitheach Líonra Dhuais Sakharov in 2008.







Sa bhliain 1990 aithníodh ceannaireacht AUNG SAN SUU KYI ar throid Bhurma/Mhaenmar ar son an daonlathais le Duais Sakharov. Faoi dheireadh, trí bliana is fiche níos déanaí, an 22 Deireadh Fómhair 2013, bhí Aung San Suu Kyi in ann Duais Sakharov um Shaoirse Smaointeoireachta a ghlacadh i bpearsa.

Labhair an príosúnach polaitiúil go díograiseach mar gheall ar luachanna daonlathacha le hionadaithe tofa na 28 mBallstáit ag searmanas sollúnta ag Parlaimint na hEorpa, agus luaigh sí go háirithe go raibh slí fhada le dul go fóill ag Burma sula mbainfí amach iad. Dúirt sí gur thug an bunreacht reatha ról pribhléide do na fórsaí míleata, rud a gcaithfí athchóiriú a dhéanamh air chun rathú a dhéanamh ar cheart na saoránach Burmach chun "maireachtáil de réir a gcoinsiasa" agus "a gcinniúint féin a mhúnlú". Lorg sí tacaíocht an phobail idirnáisiúnta chun leanúint d'fhorbairt an daonlathais agus chearta an duine i mBurma a chur chun cinn, agus thug sí aitheantas do Pharlaimint na hEorpa as a tacaíocht sheanbhunaithe.

Is iníon í Suu Kyi le Aung Sang, laoch náisiúnta de chuid Bhurma neamhspleách agus a feallmharaíodh nuair a bhí sise dhá bhliain d'aois, agus Khin Kyi, taidhleoir Burmach mór le rá, agus bhí sí i láthair ag cniogbheartaíocht bhrúidiúil a rinneadh in aghaidh agóideoirí a chuir i gcoinne réimeas míleata U Ne Win nuair a d'fhill sí ar Bhurma chun aire a thabhairt dá máthair a bhí ag fáil bháis sa bhliain 1988. Mar thoradh ar na sléachtanna sin, thosaigh Suu Kyi, ar a dtugtar an Bhean Uasal, ar a troid neamhfhoréigneach ar son an daonlathais agus chearta an duine. Sa bhliain 1990, stiúir Suu Kyi a Conradh Náisiúnta um an Daonlathas chun an t-olltoghchán a bhuachan le tromlach ollmhór, ach dhiúltaigh an réimeas míleata cumhacht a ghéilleadh di agus rinne siad cniogbheartaíocht ar lucht tacaíochta an Chonartha trí ghabhálacha agus bearta díoltais fuilteacha.

Chaith Suu Kyi an chuid is mó den scór bliain tar éis 1990 sa phríosún nó faoi bhraighdeanas baile, agus le linn an ama seo, dhiúltaigh na húdaráis víosa a thabhairt dá fear céile Briotanach chun go bhféadfadh sé cuairt a thabhairt uirthi i Maenmar, in ainneoin go raibh ailse air. Cuireadh iachall ar Suu Kyi an tír a fhágáil, ach dhiúltaigh sí agus í ag ceapadh nach mbeadh cead aici filleadh ar an tír arís, agus ní fhaca sí a fear céile arís go dtí a bhás sé sa bhliain 1999. Bhí an Bhean Uasal fós faoi bhraighdeanas baile nuair a bhí an chéad toghchán le scór bliain ar siúl i Maenmar sa bhliain 2010, ach scaoileadh saor í 6 lá ina dhiaidh sin.

Sheas Suu Kyi d'fhothoghchán parlaiminteach in Aibreán 2012, inar bhuaigh a páirtí 43 den 45 shuíochán a bhí ar fáil, rud a chuir mar cheannaire ar lucht freasúra na Parlaiminte í, agus tús á chur leis an tír le hathchóirithe daonlathacha. Mar cheannaire freasúra, bhí Aung San Suu Kyi i mbun feachtais le haghaidh bunreacht na tíre a athrú chun a chur ar a cumas seasamh i dtoghchán na huachtaránachta, toghchán a bhfuil cosc curtha uirthi ina leith trí fhoráil lena ndícháilítear iarrthóirí a bhfuil ceangal acu le náisiúnach eachtrannach. Is Briotanaigh iad mic Suu Kyi.

Maidir lena hiarracht seasamh i dtoghcháin a bhí sceidealta do Shamhain 2015, chuir vóta i bParlaimint Bhurma i Meitheamh 2015 lenar diúltaíodh d'athruithe bunreachtúla deireadh leis sin, cé go rabhthas ag súil go ndéanfadh an Conradh Náisiúnta um an Daonlathas gnóthachain mhóra.

Ba cheannródaí é ALEXANDER DUBČEK (1921-1992) sa ghluaiseacht athchóirithe ar a dtugtar Earrach Phrág sa tSeicslóvaic sa bhliain 1968.

Bhí a theaghlach tiomanta an sóisialachas a chur chun cinn san Aontas Sóivéadach agus sa bhliain 1939, chuaigh sé leis an bPáirtí Cumannach go rúnda agus bhí sé rannpháirteach freisin sa fhrithbheartaíocht faoi cheilt i gcoinne stát na Slóvaice a bhí ar thaobh na nGearmánach.

Sa bhliain 1968, ba é Dubček, a bhí ina chumannaí dúthrachtach, an Chéad Rúnaí ar Pháirtí Cumannach na Seicslóvaice agus rinne sé iarracht réimeas na gCumannaithe a dhéanamh níos liobrálaí. Chuir sé tús le sraith athchóirithe, lenar tugadh saoirse níos mó do na nuachtáin chun a gcuid tuairimí a nochtadh, lenar athshlánaíodh íospartaigh an scagtha pholaitiúil le linn ré Stailín, agus lenar cuireadh tús le hathchóirithe eacnamaíocha a chur i gcrích agus saol polaitiúil na Seicslóvaice a dhaonlathú ar bhonn forleathan. Chuir a chuid athchóirithe imní ar lucht na cumhachta i Moscó, áfach, agus scriosadh a iarrachtaí chun an sóisialachas a dhaonnú an 21 Lúnasa 1968 nuair a rinne tancanna Chomhaontú Vársá forghabháil ar Phrág. D'fhuadaigh an KGB Dubček, tógadh chuig an gCreimil é agus coinníodh ar feadh tréimhse ghairid é.


Cuireadh tréas ina leith sa bhliain 1970, cuireadh as oifig é agus díbríodh as Páirtí Cumannach na Seicslóvaice é. Gnáthoibrí a bhí ann ar feadh 15 bliana agus níor fhill sé ar an saol polaitiúil mar ghníomhaíoch ar son cearta sibhialta go dtí 1988.

Nuair a bronnadh Duais Sakharov air an 22 Samhain 1989, ba shaoránach é Dubček a raibh cearta an duine fós á gceilt air ([4]), ach roinnt laethanta ina dhiaidh sin, an 28 Samhain, scaoil Páirtí Cumannach na Seicslóvaice uaidh an chumhacht a bhí go dtí sin aige tar éis don Réabhlóid Veilbhite an lámh in uachtar a fháil.

"Táim lánchinnte gurbh é an 'puth saoirse' a bhí ag na Seicigh agus na Slóvacaigh fad is a bhí Dubček mar cheannaire orthu ba chúis leis na réabhlóidí síochánta atá ag tarlú faoi láthair in Oirthear na hEorpa agus sa tSeicslóvaic féin," a scríobh Sakharov i dteachtaireacht chuig Parlaimint na hEorpa an 10 Nollaig 1989, 4 lá sular éag sé.

Tar éis réabhlóid na bliana 1989 sa tSeicslóvaic, toghadh Dubček ina Chathaoirleach ar an tionól cónaidhme ó 1989 go dtí 1992. Agus é ag labhairt leis an bParlaimint in Eanáir 1990 tar éis dó Duais Sakharov a ghlacadh, dúirt Dubček "nár stop na náisiúin i mo thír dhúchais riamh de mhothú gur chuid de mhórthroid an chine dhaonna ar son na saoirse iad, fiú le linn na dtréimhsí ba dheacra ina stair" agus gur "mhair idéil na saoirse, na ceannasachta agus an cheartais shóisialta" ó Earrach Phrág go dtí an Réabhlóid Veilbhite.

Fuair Alexander Dubček bás i dtimpiste ghluaisteáin sa bhliain 1992.



([4]) *25 bliana de Dhuais Sakharov:* Parlaimint na hEorpa ag cumhdach saoirse smaointeoireachta, Lárionad Cartlainne agus Doiciméadachta, Parlaimint na hEorpa, Irisí Cardoc, Uimh. 11, Samhain 2013, lch 55

"Díreach gur mhaireamar, ní hé sin an rud atá tábhachtach sa saol. Is é an rud atá tábhachtach go ndearnamar difear do dhaoine eile", a dúirt NELSON ROLIHLAHLA MANDELA tráth.

D'éag Nelson Mandela an 5 Nollaig 2013 ag a bhaile in Johannesburg agus é 95 bliana d'aois. Bhí daoine ar fud an domhain faoi scamall an bhróin nuair a fuair sé bás, ach cheiliúir siad freisin an saol a chaith sé ar mhaithe leis an tsaoirse, leis an daonlathas agus le comhionannas.

Ba é an chéad duine don réimeas é ar ar bronnadh Duais Sakharov Pharlaimint na hEorpa, i dteannta an easaontaigh Shóivéadaigh Anatoly Marchenko sa bhliain 1988. Ag an am bhí sé go fóill á choimeád faoi bhraighdeanas baile ag réimeas apartheid na hAfraice Theas, a chuir i bpriosún é ar feadh tréimhse 27 mbliana de bharr an chomhraic a rinne sé i gcoinne an chiníochais.

Ba chomhalta gníomhach é den Chomhdháil Náisiúnta Afracach, agus ba chomhbhunaitheoir é den chéad dlíghnólacht do dhaoine gorma, a d'éirigh níos míleataí de réir mar a chuaigh leatrom apartheid i méid. Daoradh é chun a shaol a chaitheamh sa phríosún sa bhliain 1964 agus scaoileadh saor é faoi dheireadh sa bhliain 1990, nuair a thosaigh an réimeas apartheid ag géilleadh do bhrú idirnáisiúnta agus do bhrú laistigh den tír freisin.

Go gairid tar éis é a scaoileadh saor, labhair Mandela le Parlaimint na hEorpa maidir leis an ngá a bhí ann teacht ar réiteach cóir agus buan chun an Afraic Theas a athrú ó bhun chun go mbeadh sí ina "tír aontaithe, dhaonlathach agus neamhchiníoch". Bheadh rud ar bith eile níos laige ná sin "maslach do chuimhne an iliomad tírghráthóirí san Afraic Theas agus sa chuid eile dár réigiún, a thug a mbeo chun muid a thabhairt chuig an bpointe seo inniu, inar féidir linn a rá le muinín go bhfuilimid ag druidim le deireadh an chórais apartheid".

I rith na 1990í, stiúir Mandela aistriú go dtí daonlathas a bhí cuimsitheach go ciníoch. Mar Uachtarán ó 1994-1999, throid sé ar son "fírinne agus athmhuintearais" mar bhealach na síochána.

Nuair a bhásaigh sé in 2013, moladh é i gcéin agus i gcóngar, lena n-áirítear Líonra Dhuais Sakharov. "Inniu tá athair na hAfraice Theas caillte, tá laoch caillte ag an domhan. Tugaim ómós do dhuine d'ardlaochra ár linne. Fuair Nelson Mandela bás inniu, ach mairfidh a oidhreacht go deo" a dúirt an tUasal Martin Schulz, Uachtarán Pharlaimint na hEorpa agus comhchathaoirleach Líonra Dhuais Sakharov.

"Mhúin sé dúinn go léir nár cheart go ngearrfaí pionós ar dhuine riamh de bharr dhath a chraicinn ná de bharr dhálaí an tsaoil inar rugadh é. Ina theannta sin, mhúin sé dúinn go bhfuil sé de chumas againn an domhan a athrú, gur féidir linn an domhan a athrú trí dearcthaí a athrú, trí léargais a athrú", a dúirt Aung San Suu Kyi.

Bhí an méid seo le rá ag Kofi Annan: "Chaith Nelson Mandela saol uathúil ó thaobh na híobartha, na dínite agus an chumais pholaitiúil de, a chuir deireadh síochánta le ceann d'oilc mhóra na linne seo".



"Léiríonn saol laochta agus obair ANATOLI MARCHENKO gníomhaíocht ollmhór ar son chúiseanna an daonlathais, an daonnachais agus an cheartais" a scríobh Andrei Sakharov féin chuig Parlaimint na hEorpa á mholadh don duais. Ba dhuine de na heasaontaigh ba cháiliúla san Aontas Sóivéadach lá dá raibh é Anatoli Marchenko (1938-1986). D'éag sé i bpríosún Chistopol mar thoradh ar stailc ocrais a mhair trí mhí chun go scaoilfí saor na príosúnaigh choinsiasa Shóivéadacha ar fad. Ní raibh Anatoly Marchenko ach 48 mbliana d'aois nuair a fuair sé bás, ach bhí os cionn 20 bliain caite aige sa phríosún agus ar deoraíocht ina thír féin. Ag deireadh na dála cuireadh brú ar Mikhail Gorbachev, Ard-Rúnaí an Pháirtí Chumannaigh ag an am, scaoileadh saor na bpríosúnach polaitiúil a údarú ar mhórscála sa bhliain 1987 mar gheall ar an raic ar fud an domhain tar éis a bháis.

Bhí aithne ar Marchenko i gcéin agus i gcóngar mar gheall ar *My Testimony*, leabhar dírbheathaisnéiseach a scríobh sé sa bhliain 1966 faoin am a chaith sé i bpríosún agus i gcampaí saothair Sóivéadacha. Ba é an leabhar seo, a ndearna na heasaontóirí faoi choim lámhchóipeáil air, an chéad leabhar a ndearnadh plé ann ar champaí agus ar phríosúin sa tréimhse iar-Stailíneach, ag cur i bhfios do dhaoine ar fud an domhain nach bhfuarthas réidh leis an gcóras Gulag le deireadh réimeas Stailín.

Cuireadh Marchenko sa phríosún arís nuair a foilsíodh an leabhar mar gheall ar bholscaireacht fhrith-Shóivéadach, ach sular cuireadh sa phríosún an athuair é i 1968 bhí sé tar éis éirí ina easaontach poiblí agus é ag cáineadh dálaí an phríosúin a bhí le fulaingt ag príosúnaigh pholaitiúla. Thug sé rabhadh i litir oscailte a scríobh sé chuig na meáin in Iúil 1968, nach ligfeadh an tAontas Sóivéadach d'Earrach Phrág leanúint ar aghaidh, rud a tháinig chun fíre i Lúnasa nuair a ghluais tancanna Chomhaontú Vársá isteach go fothramach sa tSeicslóvaic agus cuireadh pianbhreith príosúnachta ar Marchenko arís agus ansin díbríodh as an tír é.

Dá mhéad faoi chois a cuireadh Marchenko, áfach, ba mhó fonn a bhí air gníomh a dhéanamh. Ba dhuine de na comhaltaí é a bhunaigh Grúpa Heilsincí i Moscó, grúpa a bhfuil tionchar mór aige, in éineacht le Andrei Sakharov agus Ludmilla Alexeyeva, atá mar cheannaire ar an nGrúpa faoi láthair. Bunaíodh an grúpa seo sa bhliain 1976 chun faireachán a dhéanamh ar a mhéid a bhí an tAontas Sóivéadach ag cloí le clásail chearta an duine in Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí. Ba í Ionstraim Chríochnaitheach Heilsincí an chéad ghníomh de chuid na Comhdhála um Shlándáil agus Comhar san Eoraip, a raibh sé mar aidhm aici an caidreamh idir an bloc Cumannach agus an tIarthar a fheabhsú.

Gabhadh agus cuireadh sa phríosún den uair dheireanach é sa bhliain 1980 nuair a d'fhoilsigh sé a leabhar deireanach, *To live like everyone*. Níor tháinig sé slán tríd an bpianbhreith 15 bliana a gearradh air. Ní dhearnadh a bhás sa phríosún a imscrúdú go poiblí riamh.

Nuair a bhunaigh Parlaimint na hEorpa Duais Sakharov, rinne a bhaintreach, ar gníomhaíoch í féin agus ainmnitheach Dhuais Sakharov, an duais a dámhadh air tar éis a bháis i 1988 a ghlacadh thar a cheann.



Is dóigh le saoránaigh AE, de réir na bpobalbhreitheanna, gurb iad cearta an duine an luach ba chóir do Pharlaimint na hEorpa a chosaint mar ábhar tosaíochta. Tá cearta an duine neadaithe i gconarthaí an Aontais agus sa Chairt um Chearta Bunúsacha, agus i mbeartais AE um chaidreamh seachtrach, lena n-áirítear Plean Gníomhaíochta 2015-2020 maidir le Cearta an Duine agus leis an Daonlathas. Ina gcaidreamh le tíortha neamh-AE, ceanglaítear ar an Aontas obair a dhéanamh ar son na bprionsabal seo a leanas: an daonlathas, an smacht reachta, uilechoitinne agus dodhealaitheacht chearta an duine agus na saoirsí bunúsacha, an meas ar dhínit an duine, prionsabail an chomhionannais agus na dlúthpháirtíochta, agus an meas ar phrionsabail Chairt na Náisiún Aontaithe agus ar phrionsabail an dlí idirnáisiúnta. Is príomhghníomhaí í Parlaimint na hEorpa chun an daonlathas, saoirse cainte, toghcháin chothroma agus cearta uilíocha an duine a chosaint agus a chur chun cinn.

Ní hamháin go mbronann Parlaimint na hEorpa Duais Sakharov go bliantúil, caomhnaíonn sí agus cosnaíonn sí cearta an duine trí rúin maidir le nithe práinneacha um chearta an duine, trí thuarascáil bhliantúil maidir le cearta an duine agus maidir leis an daonlathas ar domhan, trí bheartas an Aontais Eorpaigh ar an ábhar sin, trí idirphlé Parlaiminteach agus taidhleoireacht le comhghleacaithe agus le húdaráis i dtíortha neamh-AE, trí éisteachtaí maidir le saincheisteanna um chearta an duine ina gCoistí agus i misin breathnóireachta toghcháin a fud an domhain.

Ina rúin maidir le nithe práinneacha um chearta an duine, arna nglacadh ag gach suí iomlánach in Strasbourg, díríonn an Pharlaimint aird ar chearta an duine agus glacann sí seasamh ina leith ar fud an domhain. Athdhearbhaíonn sí freisin, a seasamh aonchiallach le haghaidh céasadh a chosc agus i gcoinne phíonós an bháis, le haghaidh cosantóirí ar chearta an duine a chosaint, le haghaidh coinbhleachtaí a chosc, le haghaidh cearta ban agus leanaí, le haghaidh mionlaigh a chosaint agus le haghaidh chearta na bpobal dúchasach agus na ndaoine faoi mhíchumas ar fud an domhain. Is minic a úsáidtear rúin Pharlaimint na hEorpa mar an bonn do ghníomh ó Chomhairle na nAirí, ón gCoimisiún Eorpach, agus ón tSeirbhís Eorpach Gníomhaíochta Seachtraí, agus uaireanta d'fhéadfaidís tionchar díreach a imirt ar ghníomhartha na rialtas lena mbaineann.

Déanann Parlaimint na hEorpa faireachán ar chaidreamh seachtrach AE ós rud é go gcuireann a cumhachtaí reachtacha ar a cumas bac a chur le comhaontuithe AE a dhéanamh le stáit neamh-AE má bhíonn sáruithe tromchúiseacha ar chearta an duine agus ar phrionsabail an daonlathais ar siúl. Áitíonn an Pharlaimint go gcaithfear cloí go dian leis na clásail ar chearta an duine a áirítear go córasach i gcomhaontuithe den sórt sin. In Aibreán 2011, d'iarr an Pharlaimint go gcuirfeadh AE caibidlíochtaí le haghaidh comhaontú comhlachais ar fionraí idir AE agus an tSiria, agus i Meán Fómhair 2011, cuireadh comhaontú comhair AE leis an tSiria ar fionraí go páirteach "go dtí gur chuir údaráis na Siria deireadh le sáruithe córasacha ar chearta an duine". Leanann coinbhleacht na Siria de bheith ar siúl.


Sa chomhbheartas eachtrach agus slándála agus sa bheartas maidir leis an gcomhar um fhorbairt, sonraítear i ndlí an Aontais gurb é a chuspóir "forbairt agus comhdhlúthú an daonlathais agus an smachta reachta mar aon le hurraim do chearta an duine agus saoirsí bunúsacha". Is a bhuí le Parlaimint na hEorpa den chuid is mó a áiríodh an cuspóir sin go sainráite. Gach bliain, glacann Parlaimint na hEorpa a tuarascáil féin maidir leis an tuarascáil bhliantúil ó Ardionadaí an Aontais Eorpaigh do Ghnóthaí Eachtracha agus don Bheartas Slándála chuig Parlaimint na hEorpa maidir le príomhghnéithe agus roghanna bunúsacha Chomhbheartas Eachtrach agus Slándála AE. Agus athbhreithniú á dhéanamh ar CBES, tá Parlaimint airdeallach faoi chearta an duine ina tuarascáil is deanaí ar CBES lena n-iarrtar ar AE "maidir leis an ord eacnamaíoch agus airgeadais, polaitiúil domhanda iolraíoch, rialacha-bhunaithe, lena n-áirítear urraim don smacht reachta agus do chearta an duine, leanúint de bheith á thógáil agus á neartú".


Is é an Fochoiste um Chearta an Duine (DROI) an comhlacht atá freagrach go príomha as obair pharlaiminteach maidir le cearta an duine agus cuireann sé fóram rialta ar fáil ina ndéanann Feisirí, gníomhaithe idirnáisiúnta, saineolaithe agus an tsochaí shibhialta saincheisteanna maidir le cearta an duine a ardú, agus gníomhaíocht AE agus idirnáisiúnta ina leith a mholadh agus a mheasúnú. Téann DROI i gcomhpháirt go rialta le coistí eile de chuid Pharlaimint na hEorpa, nó tugann sé cuireadh do choistí eile chuig na pléití sin. Déanann a máthairchoiste um Ghnóthaí eachtracha a chuid tuarascálacha agus rún ar fad a ghlacadh. Chomh maith leis sin reáchtálann an Coiste um Fhorbairt pléití rialta faoi chearta an duine sna tíortha i mbéal forbartha. Téann toscaireachtaí coiste i ngleic freisin le saincheisteanna um cheart an duine le linn cuairteanna ó thíortha.

Tá a ról ó thaobh cearta an duine a chosaint neartaithe ag an bParlaimint freisin trí thacú le daonlathas parlaiminteach agus le hidirphlé polaitiúil parlaiminteach, trí éisteachtaí le hionadaithe na sochaí sibhialta ó thíortha nach Ballstáit iad á dtionól ag a mbuantoscaireachtaí agus trí thoscaireachtaí *ad hoc* a chur amach chun measúnú a dhéanamh ar an staid ar an láthair ó thaobh chearta an duine. Is iad na príomhfhóraim le haghaidh idirphlé polaitiúil idir Parlaimint na hEorpa agus Comhaltaí ó thíortha nach tíortha AE iad Comhthionól Parlaiminteach ACC-AE, Tionól Parlaiminteach an Aontais don Mheánmhuir, Tionól Parlaiminteach Eora-Mheiriceá Laidinigh, agus Tionól Parlaiminteach Euronest i dteannta comhpháirtithe ó Oirthear na hEorpa.

D'úsáid Parlaimint na hEorpa a cuid cumhachtaí buiséadacha chun na hacmhainní a bhí ceaptha do chláir a bhíonn ag déileáil leis an daonlathas agus cearta an duine a mhéadú go suntasach agus d'éirigh lena troid chun leanúint ar aghaidh le feidhmiú na hIonstraime Eorpaí i gcomhair Daonlathais agus Chearta an Duine (IEDCD), ar príomhionstraim airgeadais agus beartais í chun tacú le cosantóirí na sochaí sibhialta agus chearta an duine, go háirithe iad siúd a bhfuil a mbeatha i mbaol.

Mar chomhlánú ar a cuid oibre maidir le cearta an duine, tá Parlaimint na hEorpa tiomanta do thacaíocht a thabhairt do thoghcháin shaora agus chóra i dtíortha lasmuigh de AE mar go bhfuil na toghcháin sin riachtanach don daonlathas a chur ar bun, don dlisteanacht a fhódú agus do mhuinín an phobail a spreagadh sna hinstitiúidí. Bíonn Feisirí de Pharlaimint na hEorpa i gceannas ar mhisin breathnadóireachta toghcháin AE, arb é is aidhm dóibh a áirithiú go dtugtar lánurraim do cheart na ndaoine a gceannairí a roghnú.








Raif Badawi
Denis Mukwege
Malala Yousafzai







Nasrin Sotoudeh
Jafar Panahi
Mohamed Bouazizi




Ali Ferzat
Asmaa Mahfouz






Ahmed El Senussi
Razan Zaitouneh
Guillermo Fariñas

МЕМОРИАЛ





Memorial
Hu Jia
Salih Mahmoud Mohamed Osman



REPORTERS
SANS FRONTIERES
POUR LA LIBERTE DE L'INFORMATION




© Javier GALEANO/AP Photos/EU-EP

Aliaksandr Milinkevich
Tuairisceoirí Gan
Teorainneacha
Na Mná Bánghléasta

Hauwa Ibrahim
Comhlachas Iriseoirí na Bealarúise
Ard-Rúnaí na Náisiún Aontaithe,
Kof Annan, agus foireann uile na Náisiún
Aontaithe




БЕЛАРУСКАЯ АСАЦЫЯЦЫЯ ЖУРНАЛІСТАЎ









Oswaldo José Payá Sardiñas
Nurit Peled-Elhanan


Izzat Ghazzawi
Dom Zacarias Kamwenho
*¡BASTA YA!*

Xanana Gusmão
Ibrahim Rugova

Salima Ghezali
Wei Jingsheng












Leyla Zana
Taslima Nasreen
Oslobodjenje

*Las Madres de Plaza de Mayo*
Adem Demaçi
Aung San Suu Kyi













© Wojtek Laski / ISOPIX

Alexander Dubček
Nelson Rolihlahla Mandela
Anatoli Marchenko

PARLEMENT EUROPEEN | EUROPEES PARLEMENT
Rue Wiertz, 60, 1047 BRUXELLES, BELGIQUE
Wiertzstraat, 60, 1047 BRUSSEL, BELGIË
Teil. +32 22842111

PARLEMENT EUROPEEN
Plateau du Kirchberg
2929 LUXEMBOURG
LUXEMBOURG
Teil. +352 43001

PARLEMENT EUROPEEN
Avenue du Président Robert Schuman 1
67070 STRASBOURG CEDEX
FRANCE
Teil. +33 388174001

Le tuilleadh eolais a fháil tabhair cuairt ar:
**http://www.europarl.europa.eu**
**http://www.europarl.europa.eu/sakharov**

## CONAS TEACHT AR FHOILSEACHÁIN DE CHUID AE

**Foilseacháin saor in aisce:**

- cóip amháin:
  ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu);
- níos mó ná cóip amháin nó póstaeir/léarscáileanna:
  ó ionadaíochtaí an Aontais Eorpaigh (http://ec.europa.eu/represent_ga.htm),
  ó na toscaireachtaí i dtíortha neamh-AE (http://eeas.europa.eu/delegations/index_ga.htm),
  trí theagmháil a dhéanamh leis an tseirbhís Europe Direct
  (http://europa.eu/europedirect/index_ga.htm)
  nó trí ghlaoch a chur ar 00 800 6 7 8 9 10 11 (uimhir shaorghlao as áit ar bith in AE) (*).


  (*) Bíonn an fhaisnéis a thugtar saor in aisce, agus formhór na nglaonna (cé go bhféadfadh roinnt oibritheoirí, boscaí guthán nó óstáin táille a ghearradh ort).

**Foilseacháin a bhfuil praghas orthu:**

- ar láithreán gréasáin EU Bookshop (http://bookshop.europa.eu).

Oifig na bhFoilseachán

Parlaimint na hEorpa



europarl.europa.eu/sakharov

QA-02-15-420-GA-N